

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Ábhar

“Tháinig faoiseamh mór orm nuair a thug mé cuairt ar Fhaisnéis do Shaoránaigh... caitheadh liom le cineáltas croíúil agus cuireadh comhairle stuama agus shoiléir orm. Creidim go mbeadh iarrachtaí á ndéanamh agam go fóill murach an SFS.”

Custaiméir an SFS

Réamhrá an Chathaoirligh	6
2021 de réir uimhreacha	8
Brollach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	10
Gluais acrainmneacha	12
1 An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS) – Cé sinn féin agus na seirbhísí cistithe a thacaíonn linn	13
1.1 Eolas faoin BFS	14
1.1.1 Luachanna agus Sainordú an BFS	15
1.1.2 Plean Straitéiseach 2019-2021: Seirbhísí faisnéise, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideachta a sholáthar dár bpobail	18
1.1.3 An dualgas maidir le comhionannas agus cearta daonna san earnáil phoiblí	18
1.1.4 Éagsúlacht agus lonchuimsiú a Chur chun Cinn	20
1.1.5 Cairt Eagraíochta	22
1.2 Na seirbhísí a chistíonn an BFS	24
1.3 Conas a thacaíonn an BFS leis na cuideachtaí soláthair seirbhíse	25
1.4 Na ceithre ghallán	25
1.4.1 Colún 1 Seirbhísí agus Abhcóideacht um Fhaisnéis do Shaoránaigh	25
1.4.2 Colún 2 An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) agus Abhaile	27
1.4.3 Colún 3 Ábhar Digiteach, Ríomhfhoghlaim, agus Beartas Sóisialta agus Taighde	27
1.4.4 Colún 4 Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Rialachas, Airgeadais, TFC, agus Oibríochtaí	29
1.5 Caidreamh Poiblí (CP) agus Promóisin	32

2	Abhcóideacht do dhaoine faoi mhíchumas	36
2.1	Seirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN)	38
2.2	Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (SATC)	41
2.3	Clár Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (CATCÉ)	43
3	Rochtain ar fhaisnéis agus tacaíocht maidir le fiachas agus bainistíocht airgid	44
3.1	Foireann Soláthair Seirbhíse na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (an SBCA)	47
3.2	Líne Chabhrach an SBCA	48
3.3	Tacaíocht an SBCA	48
3.4	Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid an Lucht Siúil Náisiúnta (SBCALSN)	50
3.4.1	Tionscadal SBCALSN	50
3.5	Abhaile	51
4	Beartas Sóisialta agus Taighde	54
4.1	Tuairisceáin Bheartais Shóisialta (TBSanna)	55
4.2	Aighneachtaí Beartais Shóisialta	57
4.3	Mol Sonraí	59
5	Rochtain ar fhaisnéis	60
5.1	Citizensinformation.ie	61
5.1.1	Faisnéis inrochtana	65
5.1.2	Na Meáin Shóisialta	65
5.1.3	An tairseach 'Ag Filleadh ar Éirinn'	69
5.1.4	Príomhathruithe ar citizensinformation.ie	69

6	Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh	71
6.1	An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS)	73
6.2	Staitisticí faoin SGFS	74
6.3	Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna)	75
6.3	Staitisticí faoin SFS	76
	Aguisíní	80
	Aguisín 1: Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí	81
	Aguisín 2: Comhaltaí boird	83
	Aguisín 3: Úsáid fuinnimh	84
	Aguisín 4: An tAcht um Nochtadh Cosanta	85
	Aguisín 5: Cistiú a soláthraíodh do chuideachtaí soláthair seirbhíse	86
	Aguisín 6: Príomhoifigí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh	88

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá pribhléid orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair don bhliain 2021, ina gcuimsítear gníomhaíochtaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus na gcuideachtaí a chistíonn sé i mbliain a bhí idir chasta agus ilghnéitheach. Ba mhaith liom tosú le buíochas a chur in iúl do mo réamhtheachtaí sa ról, Seán Sheridan, a ghlac leis an oifig ar feadh na gcéad sé mhí den bhliain 2021 agus a rinne an Bord agus an Coiste Straitéise agus Rialachais a stiúradh go han-chumasach. Thug Seán an Comhaontú Maoirseachta nua leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun críche. Píosa rithábachtach oibre é seo, agus chomhordaigh sé an chéad chéim i dtreo straitéis dhigiteach nua an BFS. Ba mhaith liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl freisin do Fiona Coyne, a ceapadh ina Príomhfheidhmeannach ar bhonn buan ag deireadh na bliana agus a thug olltacaíocht dom de réir mar a théim i dtaithí ar an eagraíocht.

Tháinig forbairtí tábhachtacha sa bhliain 2021 ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, tráth inar tosaíodh an tAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil gach cúig bliana faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an t-athbhreithniú nach mór críochnaithe fad atá seo á scríobh agam agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Bhord agus sa Roinn Coimirce Sóisialaí as an bpáirt dhearfach agus dhíograiseach a ghlac siad sa phróiseas seo. Rinne an Bord an cinneadh i rith 2021 leis an straitéis 2019- 2021 a shíneadh ar feadh bliain bhreise, le spás a sholáthar, go pointe áirithe, le machnamh a dhéanamh ar thorthaí an Athbhreithnithe Chriticiúil Thréimhsiúil agus lena chinntiú go bhfuil an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ina iomláine, ag teacht lena shainordú agus go bhfuil sé réidh chun oiriúnú don réadúlacht agus do na deiseanna nua i ndiaidh na paindéime. Tar éis gur ceapadh Fiona, na hoibire a rinneadh ar an Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil, agus gur cuireadh tús leis na gnéithe uile eile dár straitéis a chur i bhfeidhm, tá an BFS in ann amharc chun cinn sa mheántearma anois gan stró féachaint conas is fearr is féidir linn ár seirbhísí a chur i bhfeidhm.

Nuair a chuir mé isteach ar ról Chathaoirleach an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, leag mé béim ar leith ar ról an BFS i dtaobh eolas a thabhairt. Tuigim, go pearsanta agus go gairmiúil, an tábhacht a bhaineann le foinsí eolais as a bhfuil iontaobh, go háirithe an mhéid bréageolais agus mífhaisnéise atá ag dul i méid. Tá foinsí eolais as a bhfuil iontaobh ag teastáil ón bpobal níos mó i gcónaí, agus baineann seo le leibhéal domhanda agus intíre araon. Faoi mar a thug mé faoi deara agus mé ag labhairt le Comhchoiste an Oireachtais in Iúil anuraidh, is dócha nach aon iontas an léargas seo, ach leagann sé dualgas agus brú ar eagraíochtaí cosúil leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh – agus ar a sheirbhísí gaolmhara go léir – a chinntiú go leanann sé de bheith lúfar nuair a dhéantar cumarsáid i measc na gcainéal go léir chun nach dtagann bearnaí eolais aníos, agus go ndéantar cumarsáid le gach duine – go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste – i bhformáidí a oireann dá riachtanais.



Baineann bunriachtanas le foinsí iontaofa faisnéise, ach baineann bunriachtanas freisin le habhcóideacht agus comhairle i dtaobh cabhrú le daoine – agus arís, go háirithe iad siúd a bhíonn thíos le míbhuntáiste nó atá i gcásanna leochaileacha – chun gur féidir leo ciall a dhéanamh dá roghanna agus a gcearta a chur i bhfeidhm. Thit go leor athruithe amach ar conas a sholáthraítear seirbhísí i ngeall ar COVID, aistriú ina measc chuig idirchaidreamh digiteach agus fíorúil a bhí ar bun cheana féin. Cruthaíonn an t-aistriú seo dúshlán agus deiseanna nach mór dúinn a chur san áireamh de réir mar a thugaimid ár n-aghaidh amach ón bpaindéim, agus a chinntíonn, i gcaitheamh an ama, go bhfreastalaímid ar an ngá is mó.


Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Coimirce Sóisialaí, Heather Humphreys, TD, agus le foireann a roinne as an tacaíocht a thug siad i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, don fhoireann agus na boird bhainistíochta a bhí bainteach i seirbhísí a sholáthar ar fud na tíre sna Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid, i dTacaíocht an SBCA, SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta, sa tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta, sa tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Comharthaíochta, i gClár nuabhunaithe Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus sa tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh - d'fhreastail sibh ar an bpobal le solúbthacht agus tiomantas iontach i rith bliana a bhí thar a bheith dúshlánach. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh as leanúint lena seacht míle dícheall a dhéanamh agus le mo chomhaltaí den Bhord as an eagraíocht a threorú i rith na tréimhse éiginnte seo.

Catherine Heaney, CATHAOIRLEACH



Baill an Bhoird. Suíocháin chúil: Seán Sheridan, Mary Doyle, John Saunders, Tim Duggan. Suíocháin tosaigh: Cearbhall O Meadhra, Catherine Heaney & Tina Leonard.

2021 de réir uimhreacha



*figiúirí carnacha iad na figiúirí ó tosaigh an scéim

Brollach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Nuair a bhí an tuarascáil bhliantúil seo á hathbhreithniú agam, chuaigh luas an athraithe i rith 2021 agus an chaoi nár tháinig méadú ar luas an athraithe sin ach in 2022, i gcion go mór orm.

Ba phríomhthéama é COVID, dar ndóigh, i rith na bliana, agus bhain na cúig leathanach ba mhó ar tugadh cuairt orthu ar citizensinformation.ie – a bhain breis agus cúig milliún amharc amach i dteannta a chéile – go léir le COVID. Rinneadh líon an-suntasach 5,469 athbhreithniú ábhair ar an láithreán gréasáin i ngeall ar chineál athraitheach na srianta agus na riachtanas sláinte poiblí, anuas ar rialacha nua maidir le híocaíochtaí agus taisteal. Léirítear tiomantas an BFS d'fhaisnéis a sholáthar atá inrochtana, cruinn agus cothrom le dáta sa líon úsáideoirí a roghnaíonn citizensinformation.ie mar fhoinse iontaofa faisnéise.

Rinneadh go leor seirbhísí i bpearsan a dhúnadh nó cuireadh ar fáil iad ar bhonn níos teoranta i rith na bliana freisin i ngeall ar COVID. Léiríonn na sonraí aistriú chuig an nguthán agus chuig cainéil eile, a thaispeánann an tábhacht a bhaineann leis an gclaochlú digiteach do na seirbhísí a chistímid. Tá áthas orm go bhfuil straitéis dhigiteach á forbairt againn don BFS agus táim ag tnúth leis an straitéis seo a chríochnú agus bogadh ar aghaidh chuig an gcéim um chur i bhfeidhm ar na tionscnaimh a sainathnódh. Príomhchuid de sholáthar digiteach é bonneagar, agus ba ríthábhachtach, dá bharr, gur críochnaíodh an t-uasghrádú ar an Líonra Achair Fhairsing (WAN) agus an t-aistriú chuig na huimhreacha gutháin nua 0818 in 2021. Seoladh láithreán gréasáin nua mabs.ie, agus tosaíodh obair ar an Mol Sonraí nuálach nua, atá ag feidhmiú anois ar citizensinformationboard.ie. Léirítear ar an Mol Sonraí treochtaí agus téamaí ón líon breis agus 690,000 ceist a chuir na Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh i gcuntas. Nuashonrófar an t-eolas seo ar bhonn ráithiúil i dtosach le sonraí comparáideacha a sholáthar lena cheadú dúinn treochtaí i gceisteanna a rianú. Tá súil agam go mbeidh an fhaisnéis seo áisiúil do sheirbhísí agus do dhaoine eile.

Ar an drochuair, thit na himeachtaí fíorbhrónacha san Úcráin amach sna chéad mhíonna in 2022. D'fhreagair seirbhísí cistithe an BFS do theacht i láthair dídeanaithe ón Úcráin ar luas, le hatrua agus le gairmiúlacht ollmhór, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a bhí bainteach i dtionscnaimh chun tacú leis na hÚcránaigh a tháinig anseo agus a chónaíonn anseo. Cuirim mo bhuíochas in iúl freisin do chomhaltaí foirne agus do bhoird bhainistíochta gach cinn de na cuideachtaí cistithe as an obair a rinne siad le seirbhísí a sholáthar i rith tréimhse leanúnach shuaithe de réir mar a théimid i dtaithí ar mhaireachtáil agus COVID inár measc.

Téama amháin a thagann chun solais ón tuarascáil seo is ea an costas maireachtála atá ag dul i méid. Lean na Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid i gcaitheamh 2021 ag oibriú le cliant ar tháinig deacrachtaí aníos dóibh íoc as billí teaghlaigh, agus dhírigh SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta ar bhochtaineacht fuinnimh, ach go háirithe, i measc Taistealaithe. Tionchar



amháin a imríonn an cogadh san Úcráin ná an brú ar chostais fuinnimh atá ag dul i dtreise, agus déarfainn go múnlóidh limistéir eile athraithe, i dteannta an chinn seo, an obair faoina dtabharfaidh an SBCA in 2022.

D'athraigh an BFS bonn an chistithe i rith 2021 chuig na cuideachtaí cistithe tar éis teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le Ciorclán 13/14 a chur i bhfeidhm do na deontais a sholáthraíomar. Mar gheall ar an bpróiseas seo, filleadh go hiomlán ar chistiú barrachais laistigh den bhliain agus tá an ciorclán á chomhlíonadh go hiomlán anois ag an BFS dá bharr.

Tosaíodh Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil an BFS freisin anuraidh agus, cé nach bhfuil i gceist leis ach dréachtfoirm go fóill agus an brollach seo á scríobh agam, buntacaíonn an t-athbhreithniú leis an ngá atá ag an BFS atheagrú inmheánach a dhéanamh agus béim as an nua a leagan ar chomhlíonadh, caighdeán agus méadracht. Tá atheagrú á dhéanamh anois ag an BFS bunaithe ar cheithre rannán ar leith: comhlíonadh airgeadais agus oibríochtúil, caighdeán agus forbairt, TFC, digiteach agus sonraí, agus seirbhísí corparáideacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann na Roinne Coimirce Sóisialaí as an obair a rinne siad ar an Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil agus as an tacaíocht a thug siad dom i mo chéad bhliain mar Phríomhfheidhmeannach. Tosaíodh obair ar chéad straitéis eile an BFS agus táim ag tnúth go mór le hoibriú lena chinntiú go mbunaítear an eagraíocht chun aghaidh a thabhairt ar ghealltanais straitéise in 2023 agus ina dhiaidh sin.

D'oibrigh comhaltaí foirne an BFS go cianda go mór mór i rith 2021 agus tá clár pólótach measctha ar bun anois, a chuireann meascán d'oibriú bunaithe san oifig agus go cianda ar fáil. B'iontach casadh le daoine i bpearsan arís agus braistint sin na hoibre buíne agus na diongbháilteachta a mhothú a cheapaim a bhaineann go smior leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Ba mhaith liom buíochas ar leith a chur in iúl do na comhaltaí foirne a d'fhág an eagraíocht le bliain anuas agus nár cuireadh ach glaoch Zoom orthu lena rannchuidiú a aithint – tá súil agam gur féidir imeacht níos oiriúnaí a eagrú i rith 2022.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, d'fhoireann uile an BFS as an obair a rinne siad i gcaitheamh na bliana agus, ach go háirithe, as a bhfreagairt dom fad a ghlac mé le ról POF. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus le Seán Sheridan agus Catherine Heaney, ach go háirithe, as an iontaoibh a léirigh siad ionaim agus as an tacaíocht agus treoir gan staonadh a thug siad dom.

Fiona Coyne, POF

Gluais acrainmneacha

Úsáidtear acrainmneacha agus giorrúcháin mórthimpeall na tuarascála seo d'ainmneacha ár n-eagraíochtaí agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha. Scríobhtar iad seo sa téacs nuair a luaitear den chéad uair iad. Tugtar achoimre ar an leathanach seo ar an sainmhíniú agus d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil duit nuair a bhíonn an tuarascáil seo á léamh agat:

Sinne:		Na seirbhísí a chistímid:	
BFS	an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	IFSanna	Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh
TFC	an Fhoireann Faisnéise agus Cumarsáide	SGFS	an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh
AD	Acmhainní Daonna	SFS	Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh
CP	Caidreamh Preasa	SACÉ	Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann
Páirtithe leasmhara seachtracha:		SBCA	an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid
RCS	an Roinn Coimirce Sóisialaí	SAN	an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.	SBCALSN	Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid an Lucht Siúil Náisiúnta
SDÉ	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	CATC	Clár na nAteangairí Teanga Chomharthaíochta
SAO	an tSeirbhís Abhcóideachta Othar	SATC	Seirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta
Eile:			
RMT	Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe		
RGCS	an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí		
SDP	Socrú um Dhócmhainneacht Phearsanta		
CDP	Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta		

1
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS)
– Cé sinn féin agus na seirbhísí cistithe a thacaíonn linn

Caibidil 1:

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS) – Cé sinn féin agus na seirbhísí cistithe a thacaíonn linn

Ár Sainordú

Cabhrú agus tacú le daoine aonair, ach go háirithe iad siúd faoi mhíchumas, maidir lena riachtanais agus roghanna a shainaithint agus a thuiscint



1.1 Eolas faoin BFS

Cuireann an BFS faisnéis neamhspleách ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta ar fáil go díreach don phobal tríd an láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (citizensinformation.ie) agus ár dtréimhseacháin agus ár bhfoilseacháin, áit ar féidir leis an bpobal teacht ar fhaisnéis chothrom le dáta. Cistíonn agus tacaíonn an BFS le 22 cuideachta neamhspleách a dtugtar cuideachtaí soláthair seirbhíse orthu.

Príomhról den BFS is ea tacú le faisnéis ar éifeachtacht bheartas agus seirbhísí reatha sóisialta agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt agus saincheisteanna a thabhairt chun solais arb ábhar buartha iad d'úsáideoirí na gcuideachtaí soláthair seirbhíse siúd.

Tacaíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh le faisnéis, comhairle, abhcóideacht, buiséadú agus comhairle airgid a sholáthar i measc réimse fairsing de sheirbhísí poiblí agus sóisialta. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil ar thrí bhealach éagsúla – ar líne, ar an nguthán agus i bpearsan.

Fostaíonn an BFS 79 duine a oibríonn faoi cheithre phríomhchólún eagraíochta:

- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí agus Abhcóideacht um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid, agus Abhaile
- Ábhar Digiteach, Ríomhfhoghlaim, agus Beartas Sóisialta agus Taighde

Tá ceannoifig an BFS i mBaile Átha Cliath agus tá oifigí eile i gCorcaigh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Gaillimh.


In 2021, fuair an BFS cistiú €51,251,733. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais an BFS. Foilseoidh an BFS iniúchadh 2021 ar láithreán gréasáin an BFS (citizensinformationboard.ie), nuair a bheidh sé ar fáil.

1.1.1 Luachanna agus Sainordú an BFS

Is iad na luachanna a seasann an BFS leo agus a chuireann siad i bhfeidhm ar gach gné d'obair an BFS:

- **Bheith ar fáil do chách:** Cuirfimid faisnéis, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideacht neamhspleách, neamhchlaonta, rúnda agus neamhbhreithiúnach ar fáil ar bhealaí atá inrochtana do chách.
- **Freagrúlacht:** Éistfimid i gcónaí le dearcthaí daoine, déanfaimid machnamh ar an méid a fhoghlaimimid agus déanfaimid athbhreithniú ar ár seirbhísí lena chinntiú go bhfuil siad freagrúil do chásanna athraitheacha agus do riachtanais atá ag teacht chun cinn. Bainfimid an úsáid is fearr as teicneolaíochtaí nua agus as deiseanna eile.
- **Seirbhís do Chustaiméirí:** Táimid tiomanta do thacú le seirbhís ghairmiúil, neamhchlaonta agus thráthúil atá freagrúil do riachtanais daoine.
- **Rúndacht:** Léireoidimid meas ar cheart chun príobháideachais daoine aonair agus cuirfimid an ceart sin chun cinn.
- **Díriú ar cháilíocht:** Cuirfimid feabhas leanúnach ar ár dtáirgí, ár seirbhísí agus ár modhanna oibre chun freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara go léir.
- **Sármhaitheas:** Spreagfaimid ár bhfoireann chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar a sháraíonn cuspóirí, riachtanais agus ionchais.
- **Ceannaireacht:** Cuirfimid ceannaireacht thacúil ar fáil agus spreagfaimid nuálaíocht inár limistéir shaineolais ar bhealach a théann chun sochair gach duine.
- **Comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn:** Cuirfimid comhionannas agus cearta daonna chun cinn i ngach rud a dhéanaimid.

Sainordú an BFS:



1.1.2 Plean Straitéiseach 2019-2021: Seirbhísí faisnéise, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideachta a sholáthar dár bpobail

Is í an fhís don phlean trí bliana seo ná Éire ina bhfuil faisnéis agus comhairle leordhóthanach ag gach duine a chuireann ar a gcumas a gcearta a thuiscint. Leagtar béim ar leith sa Phlean ar an bhfaisnéis agus an chomhairle seo a sholáthar do na daoine is leochailí.

Is iad déchuspóirí na straitéise chun cur le hathstruchtúrú seirbhísí atá á dhéanamh le blianta beaga anuas agus tairbhí na n-infheistíochtaí seo a uasmhéadú chun cáilíocht níos fearr agus seirbhísí níos inrochtana don phobal a sholáthar.

Críochnaíodh an straitéis seo in 2021 agus lorgaíodh faomhadh an Aire leis an straitéis a shíneadh go dtí deireadh 2022. Forbróidh an BFS straitéis nua trí bliana in 2022, a fheidhmeoidh mar ár straitéis ó 2023 go 2026.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Tosaíocht straitéiseach 1: Cáilíocht agus infhaighteacht na seirbhíse a fheabhsú

Ardchaighdeán comhsheasmhach a bhaint amach trí chreat nua-aimseartha intomhaiste seirbhísí faisnéise, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideachta.

Tosaíocht straitéiseach 2: Forbairt agus nuálaíocht seirbhíse

Forbairt agus nuálaíocht seirbhíse a shainaithint, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

Tosaíocht straitéiseach 3: Comhdhlúthú agus soláthar

Acmhainn líonra seirbhísí an BFS a fhorbairt, ceannaireacht agus tacaíocht ina measc, chun tairbhí an athstruchtúraithe a chomhdhlúthú agus a sholáthar.

Tá téacs iomlán an phlean straitéisigh reatha ar fáil ar láithreán gréasáin an BFS, citizensinformationboard.ie, i mBéarla agus i nGaeilge araon.

1.1.3 An dualgas maidir le comhionannas agus cearta daonna san earnáil phoiblí

Tá freagracht ar na comhlachtaí poiblí go léir in Éirinn chun comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar idirdhealú agus cearta daonna a bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a chosaint a n-imríonn a mbeartais agus a bpleananna tionchar orthu. Bhunaigh an BFS grúpa oibre Dhualgas na hEarnála Poiblí lena chinntiú go bhfuil ár n-oibleagáidí á sásamh againn.

Faoi Alt 42(1) den Acht Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas ar an BFS, mar a chéile le gach comhlacht poiblí, chun aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Deireadh a chur le hidirdhealú
- Comhionannas deiseanna agus sa bhealach a chaitear lena fhoireann agus leis na daoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chur chun cinn
- Cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a shásamh

Tá comhionannas rochtana ar fhaisnéis, comhairle agus abhcóideacht ina chroíphrionsabal den BFS agus de na seirbhísí a sholáthraíonn agus a chistíonn sé. Tá an BFS tiomanta d'éagsúlacht agus cinnteoidh sé go seastar leis an gceart go gcaitear go cothrom le daoine, faoi mar a bhunaítear sa reachtaíocht chomhionannais. Tá de chuspóir againn comhionannas rochtana a chinntiú trí sheirbhísí a sholáthraítear i bpearsan, ar an nguthán agus ar líne, agus tríd an gComhairleoir Beo (comhrá gréasáin) agus Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann (SACÉ) a sholáthar nó a chistiú. Úsáideann an BFS teicneolaíocht ghlóir agus léitheora scáileáin, ar iarraidh sin, do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu.

Déanaimid cumarsáid i nGaeilge agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, ar iarraidh, agus foilsímid cáipéisí móra, cosúil lenár dtuarascáil bhliantúil, i nGaeilge agus i mBéarla. Eagraíonn Oifigeach Rochtana an BFS tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a gcuirtear ár bhfaisnéis agus seirbhísí ar fáil dóibh. Dearadh ár láithreáin ghréasáin, citizensinformation.ie agus citizensinformationboard.ie, chun ardleibhéal inrochtaineachta a sholáthar.

Tá beartais agus nósanna imeachta daingne i bhfeidhm ag an BFS chun comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn agus chun tacú lenár bhfoireann. Má iarrtar, cuirtear freastal ar fáil ag céim na hearcaíochta agus leantar leis seo a sholáthar tríd an bpróiseas ionduchtúcháin agus go leanúnach i rith thimthriall oibre an fhostaí.

Tá i bPaca Acmhainní Foirne an BFS beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe ar chaidreamh le fostaithe, beartais ina measc a bhaineann le dínit agus meas san ionad oibre, foghlaim agus forbairt, bulaíocht agus ciapadh, feidhmíocht agus sábháilteacht fostaithe, agus sláinte agus leas.

Tá ar an bhfoireann go léir tabhairt faoin gcúrsa oiliúna Dínit ag an Obair. Cuireann an BFS solúbthacht ar fáil lena mbeartais saoire a thacaíonn le teaghlach, agus cabhraíonn sé le tuismitheoirí oibre le cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. Casann coiste sláinte agus sábháilteachta an BFS ar a chéile go rialta agus cuireann siad nuashonruithe tábhachtacha in iúl don fhoireann go léir.

Trí Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe an BFS, spreagtar an fhoireann sláinte choirp agus mheabhrach maith a chothú. Tacaítear le sláinte agus folláine fostaithe. Déanann an BFS infheistíocht in oiliúint agus in uasoiliúint chun tacú leis an bhfoireann ina róil agus ina ngairmeacha beatha reatha.

1.1.4 Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Chur chun Cinn

Aithníonn agus léiríonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS) meas ar luach na héagsúlachta agus an ionchuimsithe i measc ár bhfoirne, ár bpáirtithe leasmhara agus an phobail ar a bhfreastalaímid.

Oibrímid le héagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Meas a léiriú ar dhaoine mar dhaoine aonair agus iad a aithint amhlaidh
- Caitheamh go cothrom le gach duine laistigh agus lasmuigh den BFS
- A chinntiú go mbíonn teacht cothrom ag na fostaithe agus na hiarrthóirí go léir ar dheiseanna fostaíochta agus ardaithe céime, gan aird ar inscne, aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, creideamh, míchumas, cineál nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil
- Riachtanais aonair iad siúd a fhostaímid agus a dtacaímid leo a aithint

Meas a léiriú ar dhaoine mar dhaoine aonair agus iad a aithint amhlaidh

Léirimid luach agus meas ar gach duine aonair ag an BFS agus an iarracht a dhéanann siad le hardchaighdeán seirbhíse a sholáthar don eagraíocht. Creidimid go daingean go bhfuil ról ríthábhachtach ag dearcthaí, tuairimí agus moltaí fostaithe a lorg agus go bhfuil an nós sin i gcroílár ár ratha.

Caitheamh go cothrom le gach duine laistigh agus lasmuigh den BFS

Tá Beartas um Dhínit ag an Obair i bhfeidhm an BFS, agus cuirtear oiliúint agus tacaíocht leanúnach ar fáil do chomhaltaí foirne reatha agus nua. Chláraigh gach fostaí den BFS lenár gCód Iompair Gnó, a dheimhníonn go ngníomhóidh siad le hionracas agus le gairmiúlacht ag gach tráth agus ionadaíocht á déanamh acu don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Cuirimid scálaí pá seirbhíse poiblí i bhfeidhm ag an BFS freisin a chuirtear chun feidhme ar ár gcomhaltaí foirne go cothrom, ar a ngrád ábhartha, ar bhunús fhad a seirbhíse, agus air sin amháin.

Teacht comhionann ar dheiseanna fostaíochta agus ardaithe céime a chinntiú

Bhí seachtar comhaltaí baineanna (58%) agus cúigear comhaltaí fireanna (42%) ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2021. Bainean an Bord sprioc an Rialtais amach dá bharr go ndéantar ionadaíocht íosta 40% do gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach.

Tá na bearta seo a leanas ar na bacáin le cothromaíocht inscne sa Bhord a chothú agus tacú léi:

- Foilsíodh fógra do na folúntais sa Bhord ar stateboards.ie i Márta 2022. Tá an t-alt seo a

leanas sa leabhrán eolais: "Spreagann an tAire iarrthóirí éagsúla cáilithe iarratais a dhéanamh lena chinntiú go léirítear sa Bhord fíorshochaí na hÉireann, ó gach áit in Éirinn agus tabharfar aird ar an inmhiannaitheacht cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar an mBord a bhaint amach, faoi mar a mheasann an tAire is cuí agus a chinneann sé/sí ó thráth go chéile nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh, ar aon dul leis an gCód Cleachtais nuashonraithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016."

- Anuas air sin, luaitear in alt 9 den Acht um Chomhairle, 2000 (arna leasú): "Nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh leis an mBord, tabharfaidh an tAire aird ar an gcuspóir nach mbíonn níos lú ná 6 chomhalta ann ar mná iad agus nach mbíonn níos lú ná 6 chomhalta ann ar fir iad." Tagraítear don reachtaíocht seo freisin sa leabhrán eolais.

Mná iad POF agus Cathaoirleach ár mBoird faoi láthair, agus is fir atá in 75% agus is mná atá in 25% den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS). Mná atá i 66% agus fir atá in 34% den fhoireann bainistíochta a thuairiscíonn leis an FBS.

I dtaobh earcaíochta, tá a líonra fógraíochta á fhorbairt ag an BFS freisin, gníomhaireachtaí tacaíochta san áireamh, a chuireann cúnamh ar fáil do ghrúpaí éagsúla chun fostaíocht a aimsiú.

Tá an fhoclaíocht maidir le comhdheiseanna laistigh dár n-ábhair fógraíochta fairsingithe agus tá béim níos mó curtha uirthi, gníomh a chuireann muinín ar fáil d'iarrthóirí féideartha a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu a lorgóidh an BFS a aimsiú le haon ról a líonadh gan aird ar inscne, aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, creideamh, míchumas, cineál nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.


Rinne an BFS infheistiú agus leanann sé le hinfeistiú in oiliúint agus uasoiliúint laistigh den eagraíocht. Táimid tiomanta do leanúint leis an tacaíocht seo a sholáthar trí idirchaidreamh, forbairt gairm bheatha agus béim níos sainithe a chur ar ghnéithe feidhmíochta agus forbartha ár bpróisis CBFF.

Riachtanais aonair iad siúd a fhostaímid agus a dtacaímid leo a aithint

Cuireann an BFS sláinte agus folláine chun cinn dár bhfostaithe go léir. Tá clár tiomnaithe cúnamh fostaithe i bhfeidhm.

Mar eagraíocht, táimid tiomanta do rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann chomhaltaí faoi mhíchumas a chur chun cinn. Is í ár sprioc a chinntiú nach mbíonn aon comhalta faoi mhíchumas thíos le míbhuntáiste i dtaobh teacht ar shaol oibre nó páirt iomlán a ghlacadh i saol oibre leis an BFS nó teacht ar ár seirbhísí.

1.1.5 Cairt Eagraíochta



1.2 Na seirbhísí a chistíonn an BFS

	Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS) [leathanach 75] An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS) [leathanach 73]
	An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) [leathanach 47] Tacaíocht an SBCA [leathanach 48]
	Abhaile [leathanach 51]
	SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta (SBCALSN) [leathanach 50]
	An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN) [leathanach 38]
	Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (SATC) [leathanach 41]
	Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (CATCÉ) [leathanach 43]

1.3 Conas a thacaíonn an BFS leis na cuideachtaí soláthair seirbhíse

Oibríonn an BFS go dlúth leis na seirbhísí seo lena chinntiú go dtugtar an fhaisnéis, an chomhairle agus an tacaíocht is fearr agus is féidir don phobal, agus go gcomhlíonann na seirbhísí dea-chleachtas in airgeadas, rialachas, acmhainní daonna agus bainistíocht áitribh.

Cuireann an BFS bonneagar agus tacaíochtaí ar fáil chun cabhrú lenár seirbhísí déileáil le fiosrúcháin saoránach agus nasc a dhéanamh le pobail áitiúla. Cinntítear ardchaighdeán trí chaighdeán a leagan síos agus a mhonatóiriú, agus seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), trealamh, bonneagar, oiliúint, láithreáin ghréasáin agus foilseacháin a sholáthar.


Cinntíonn rialuithe cuimsitheacha airgeadais, creata tuairiscithe agus Comhaontuithe Seirbhíse go gcuirtear seirbhísí cuí ar fáil mar thoradh ar chistiú.

Leagtar amach i gComhaontuithe Seirbhíse le cuideachtaí soláthair seirbhíse an BFS gealltanais an dá pháirtí. Áirítear leis na comhaontuithe seo, soláthar, rialachas, rialuithe airgeadais, cleachtais Acmhainní Daonna (AD), cosaint sonraí, treoirlínte tuairiscithe, meastóireacht agus monatóireacht. Cuireann próiseas iniúchóireachta inmheánaí moltaí a ar fáil faoi chleachtais a nuashonrú agus comhlíonadh na riachtanas rialachais agus tuairiscithe a fheabhsú.

Cuirtear tacaíocht do sheirbhísí ar fáil i roinnt limistéar, trealamh TFC agus bonneagar gaoilmar, comhairle ar bhainistíocht áitribh agus saoráidí, agus rochtain a sholáthar ar chuideachta thrú páirtí nuair is gá ar mhaithe le tacaíocht Acmhainní Daonna agus caidrimh thionsclaíoch ina measc. Tá Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil don fhoireann i ngach cuideachta.

1.4 Na ceithre ghallán

Eagraíonn an BFS a chuid oibre agus foirne seirbhíse faoi cheithre cholún.



1.4.1 Colún 1 | Seirbhísí agus Abhcóideacht um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Foireann na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS)

Déanann an fhoireann seo monatóireacht ar agus tacú leis an líonra ocht gcuideachta réigiúnacha de chuid na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS) agus na Seirbhíse Gutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS). Cuireann na cuideachtaí seo seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda ar fáil don phobal. Oibríonn an fhoireann lena chinntiú go gcomhlíontar an Comhaontú Seirbhíse agus na rialuithe airgeadais.

In 2021, rinne foireann an SFS an méid seo a leanas:

- Páirt a ghlacadh i gComhdháil um Rochtain ar Cheartas an Phríomh-Bhreithimh (Deireadh Fómhair)
- Grúpa Stiúrtha Beartais um Chosaint Daoine Fásta an SFS a chomhordú
- Tacú le agus comhordú a dhéanamh ar chlár ionrochtana príosúin ar bhealach i bpearsan agus cianda le teacht ar fhaisnéis, comhairle agus abhcóideacht a sholáthar
- Páirt a ghlacadh i Líonra Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA)
- Imeachtaí oiliúna a eagrú d'fhoireann an SFS ar fud na tíre
- Oibriú i gcomhar le hIonaid Comhairle Dlí Saor in Aisce (ICDSanna) agus leis an líonra SFSanna le coinní cianda ICDS a sholáthar

Déantar athbhreithniú ar eolas níos mionsonraithe ar an tseirbhís seo i gcaibidil sé.

Abhcóideacht

Tá an fhoireann abhcóideachta freagrach as soláthar seirbhísí abhcóideachta a chur agus a thabhairt chun cinn. Comhoibríonn an fhoireann le foireann an SFS dár gcuid chun caighdeán, beartais agus acmhainní abhcóideachta a fhorbairt. Déanann sé monatóireacht ar agus tacú le seirbhísí túslíne a sholáthraíonn abhcóideacht. Is iad seo:

- An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN)
- An Líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS)

Déanann an fhoireann monatóireacht ar agus tacú leis an tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta (an SATC) freisin. Mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus de thosach feidhme an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017, bhunaigh an SATC Aonad Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) and Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (CATCÉ).

1.4.2 Colún 2 | An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) agus Abhaile

Soláthar Seirbhíse an SBCA

Tá an fhoireann freagrach as acmhainní, tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar do chreat náisiúnta 10 gcuideachta de chuid an SBCA (ocht gcuideachta réigiúnacha an SBCA, Tacaíocht an SBCA agus SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta) nuair a bhíonn seirbhísí comhairle airgid agus buiséadta á soláthar acu don phobal.

Cumarsáid Abhaile agus an SBCA

Tá an fhoireann freagrach as Abhaile, an scéim tacaíochta riaráistí morgáiste saor in aisce, agus an SBCA, an tseirbhís chomhairle airgid agus bhuiséadta, a chur chun cinn. Baintear é seo amach trí úsáid a bhaint as réimse fairsing formáidí traidisiúnta agus meán digiteach chun eolas agus oideachas a chur ar fáil don phobal agus iad a chumasú idirchaidreamh a dhéanamh leis na seirbhísí bunaithe ar a riachtanas. Tá an fhoireann freagrach freisin as bainistíocht tionscadal a dhéanamh ar sheirbhís thiomnaithe riaráistí morgáiste an SBCA.

Caidreamh Poiblí (CP) agus Promóisin

Cuireann an fheidhmeannacht CP agus phromóisean feachtas chun cinn ar BFS, Faisnéis do Shaoránaigh agus an SBCA. Tá eolas mionsonraithe ar fheachtais, meáin agus comhpháirtíochtaí i mír 1.5.

1.4.3 Colún 3 | Ábhar Digiteach, Ríomhfhoghlaim, agus Beartas Sóisialta agus Taighde

Ábhar Digiteach

Cuirtear faisnéis faoi sheirbhísí poiblí d'Éirinn ar fáil ar láithreán gréasáin faisnéise an BFS, citizensinformation.ie. Bailíonn an láithreán gréasáin seo faisnéis ó ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis ag úsáideoirí a theastaíonn uathu, agus cuirtear i láthair í ar bhealach atá éasca le tuiscint. Úsáideann an pobal an láithreán gréasáin le teacht ar eolas faoina gcearta agus a dteidlíochtaí agus is é an phríomhfhoinsé faisnéise do sholáthraithe faisnéise san SFS agus san SGFS.

Ríomhfhoghlaim

Tá Foireann Ríomhfhoghlama an BFS freagrach as cúrsaí agus acmhainní ar líne a fhorbairt chun tacú le riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne go himhmanach sa BFS agus sna cuideachtaí soláthair seirbhíse. Oibríonn an fhoireann le príomhpháirtithe leasmhara le cúrsaí ar líne a fhorbairt ina gcuimsítear ceachtanna idirghníomhacha, físeáin, cás-staidéir agus measúnuithe. Tagtar ar chúrsaí Ríomhfhoghlama an BFS, ag aon tráth, trí chóras bainistíochta foghlama tiomnaithe ar bhonn féinseirbhíse ag foghlaiméoirí sa BFS agus aon chuideachta soláthair seirbhíse.

D'éirigh le 2,248 foghlaiméoir oiliúint Ríomhfhoghlama an BFS a chríochnú in 2021.

Ar mhaithe le cruinneas agus ábharthacht, nuashonraigh an fhoireann na cúrsaí Ríomhfhoghlama go léir sa leabharlann foghlama ar líne mar chuid den timthriall bliantúil athnuachana cúrsaí. Bhain 17 cúrsa nua le faisnéis a sholáthar ar shainábhair, agus forbraíodh beartais agus nósanna imeachta. Ba iad seo:

- Cánachas Pearsanta
- Saincheisteanna Báis agus Méala
- Íocaíochtaí Breoiteachta agus Míchumais an RCS
- Taisteal agus Gluaisteánaíocht
- Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist an RCS
- Scileanna Fáiltithe agus Seirbhíse do Chustaiméirí
- Íocaíochtaí Teaghlaigh agus Leanaí an RCS
- Comhionannas i Soláthar Seirbhíse
- Íocaíochtaí Cúramóra an RCS
- An RGCS agus Tú Féin
- Pinsin an RCS
- Ionduchtúchán COVID / Filleadh ar Oifigí
- Teidlíochtaí FSS
- Láimhsiú
- An Breatimeacht
- Feasacht ar Bhodhaire
- Feasacht ar Ráiteas Sábháilteachta

Common Travel Area (CTA)

British citizens wishing to stay in Ireland
The UK's withdrawal from the European Union (EU) has not affected the rights of Irish citizens and UK citizens within the Common Travel Area. British citizens continue to have the right to live and work in Ireland as part of the [Common Travel Area](#).

Irish citizens wishing to stay in the UK
If an Irish citizen wants to continue living in the UK, they do not need to apply to the [EU Settlement Scheme](#). Their rights to live, work and access public services in the UK are protected under the Common Travel Area arrangement. However, even though they do not need to apply to the scheme for themselves, their family members from outside of the UK and Ireland will need to apply.

Knowledge Check 3

Will Paul Smyth be required to apply for a UK Frontier Work Permit to continue working in Northern Ireland?

☐ Paul does not need to apply for the Frontier Work Permit, he will be covered under the Common Travel Area.

☐ Paul will need a Frontier Work Permit from 1 July 2021 onwards. He should apply as soon as possible to ensure it arrives in time.

SUBMIT

Reminder:
Paul Smyth is an Irish citizen, living in Manorhamilton, Co. Leitrim since 2018. He regularly works on building projects across the border in Northern Ireland.

Queries about Brexit

Continuous Development for Information Providers (CDIP)

Beartas Sóisialta agus Taighde

Bailíonn agus déanann an fhoireann anailís ar fhaisnéis agus ar shonraí faoi bheartas sóisialta agus ar sheirbhísí sóisialta a riar ag seirbhísí cistithe. Cuireann siad bileoga faisnéise faoi bheartas sóisialta agus taighde le chéile agus déanann siad tuarascálacha téamacha neamhspleácha a choimisiúnú ar éifeachtacht an bheartais agus na seirbhísí sóisialta reatha, le buarthaí úsáideoirí seirbhíse a thabhairt chun solais don lucht déanta beartas. Cuireann tuarascálacha fianaisebhunaithe le beartas poiblí a chur le chéile trí fhreagairt do chomhairliúcháin bheartais agus aighneachtaí a ullmhú.

1.4.4 Colún 4 | Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Rialachas, Airgeadais, TFC, agus Oibríochtaí

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha, a bunaíodh in 2020, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar limistéir rialachais, cosúil le Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise (SF), an tOmbudsman agus rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Déanann an fhoireann soláthar faisnéise a chomhordú don Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS) faoi mar a theastaíonn agus déanfaidh sí maoirseacht ar an gcéad straitéis eile trí bliana de chuid an BFS a tháirgeadh. Áirítear leis seo córais le torthaí a bhailiú, agus príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) atá ailínithe leis an bplean straitéiseach. Tá an fhoireann freagrach freisin as feidhm chumarsáide inmheánaí an BFS.

D'aistrigh an BFS in 2021 as córas bainistíochta taifead a bhí imithe as dáta go dtí e-Docs, ar feidhmchlár gnó 'BTS' (Tógáil le Roinnt) é. Tá BTS ar cheann de na príomhcholúin faoi Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí. Mar chuid den tionscadal seo, cuireadh dhá fheidhmchlár ar fáil don BFS a úsáidtear le hiarrataí SF a rianú agus a bhainistiú ar a dtugtar 'R-Shaoráil Faisnéise' (R-SF) agus larratais Duine ar a S(h)onraí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) ar a dtugtar 'R-Chás' (eCase). Chuir Oifigeach Cosanta Sonraí an BFS 22 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise, trí larratas Duine ar a S(h)onraí agus dhá achomharc le hOifigeach an Choimisinéara Faisnéise (OCF) i gcrích in 2021. D'fhreagair an fhoireann 46 Ceist Pharlaiminte (CPanna) i mbliana.

Acmhainní Daonna (AD) agus Rialachais

Tacaíonn an fhoireann AD agus Rialachais le foireann an BFS, i limistéir ar nós earcaíochta, ionduchtúcháin, sláinte agus folláine agus oiliúna. Chuir an fhoireann 23 earcaíocht i gcrích in 2021, comórtais inmheánacha agus sheachtracha san áireamh. Bainistíonn an fhoireann dhá scéim pinsean d'fhostaithe an BFS. Tá ballraíocht de scéim pinsin éigeantach agus sanntar fostaithe don scéim chuí de réir critéar a dtugtar cuntas orthu sa reachtaíocht rialtais ábhartha. Tá an BFS freagrach as an riarachán agus gníomhaíonn sé mar iontaobhaí don dá scéim faoi choimirce an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íoctar pinsean tríd an BFS le 73 iarchomhalta foirne faoi láthair.

Oibríonn an fhoireann Acmhainní Daonna agus Rialachais go dlúth leis an bhfoireann Oibríochtaí, atá freagrach as tacú leis na cuideachtaí soláthair seirbhíse maidir le ceisteanna AD agus rialachais.

Airgeadas

Tá an fhoireann Airgeadais freagrach as gach ceist agus nós imeachta airgeadais. Cinntíonn an fhoireann go gcloíonn an BFS agus cuideachtaí soláthair seirbhíse le rialuithe cearta airgeadais agus nósanna imeachta cearta tuairiscithe airgeadais, a chinntíonn go gcuirtear luach ar airgead ar fáil don cháiníocóir.

In 2021, d'éirigh leis an bhFoireann Airgeadais conradh a sholáthar agus a chur i bhfeidhm le seirbhís nua sheachfhoinsithe bhiúró párolla. Cinntíonn an conradh seo go n-íoctar tuarastail agus pinsin go tráthúil agus go cruinn le gach comhalta foirne, comhalta boird agus iarchomhalta foirne an BFS.

An Fhoireann Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an fhoireann TFC freagrach as tacaíochtaí nua-aimseartha TFC a sholáthar don BFS agus do na cuideachtaí soláthair seirbhíse. Is éard a bhaineann leis seo ná líonraí agus bonneagar a fhorbairt agus a chothabháil, anuas ar chrua-earraí agus feidhmchláir a sholáthar d'fhoireann agus fostaithe uile an BFS sna 22 cuideachta soláthair seirbhíse ar fud na tíre.

Tar éis gur chuir dúshlán COVID-19 moilleanna ar chúrsaí, chríochnaigh an fhoireann TFC an t-uasghrádú suntasach ar an Líonra Achair Fhairsing (WAN) agus na córais teileafónaíochta lena díoltóirí. Chuir an tionscadal seo feistiú bonneagair níos nua-aimseartha ar fáil do bhreis agus 170 oifig de chuid an BFS agus cuideachtaí soláthair seirbhíse le freastal ar riachtanais na 21ú haoise.

Rinne an fhoireann TFC bainistiú ar an aistriú ón tseanuimhir ghutháin 0761 go dtí an uimhir ghutháin nua 0818. Bhí seo mar chuid de nuashonrú náisiúnta ar a ndéantar maoirseacht don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg). D'imir an tionscadal suntasach seo tionchar ar oifigí uile an BFS, an SFS agus an SBCA agus d'éirigh leo é a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2021.

D'fhreagair an deasc chabhrach TFC, a thacaíonn leis an BFS agus leis na cuideachtaí soláthair seirbhíse, 11,000 iarraidh. Chuir TFC feabhas ar a bhonneagar le níos mó áiseanna a sholáthar don fhoireann sa BFS agus do na seirbhísí cistithe a oibríonn as baile. Chinntigh siad gur bunaíodh líonra príobháideach fíorúil (LPF) daingean nó deasc fhíorúil lena húsáid ag an bhfoireann. Chuir nuálaíochtaí digiteacha ar chumas na foirne a oibríonn sna cuideachtaí soláthair seirbhíse leanúint ag tacú le cliaint ó réimse láithreacha.

Oibríochtaí

Tá an fhoireann freagrach as tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse (CSSanna) maidir le hacmhainní daonna, airgeadas, rialachas agus áitreabh. Déantar seo trí bheartais, treoirlínte, nósanna imeachta agus acmhainní a sholáthar. Dea-chleachtas atá ann go fóill agus cinntíonn sé go gcomhlíontar an dlí. Rinne an fhoireann maoirseacht ar roinnt limistéar sa BFS, sláinte agus sábháilteacht, agus forbairt agus bainistíocht réadmhaoine ina measc.

In 2021, d'fhaomh agus nuashonraigh an fhoireann ábhair AD don líon reatha 726 post atá sna CSSanna faoi láthair. Chuir an fhoireann tuairisceáin airgeadais thréimhsiúla i gcrích ar gach CSS, a rinne monatóireacht ar luach breis agus €445 milliún de leithdháiltí deontais. Rinne feidhm áitribh na foirne maoirseacht ar léasanna i measc 239 láthair CSS, agus rinne sí bainistiú ar an bpunann seacht n-áitreabh agus ar na háiseanna go léir don BFS. Tá forbairt réadmhaoine i measc na CSSanna agus an BFS mar chuid de shainchúram na n-oibríochtaí freisin. Ar an iomlán, tugadh faoi ocht dtionscadal agus críochnaíodh sé cinn go hiomlán.

1.5 Caidreamh Poiblí (CP) agus Promóisin

Feachtais

Cuireadh trí fheachtas shuntasacha promóisin ar bun in 2021.

Feachtas an SFS:

Chuir an feachtas seo de chuid an SFS an pobal ar an eolas ar an gcomhairle agus an fhaisnéis is féidir leo a fháil ón SFS agus thug sé chun solais a thairiscint abhcóideachta. Thug anailís ar an bhfeachtas le fios gur éirigh go tréan leis na feachtais dhigiteacha agus shóisialta, agus ba iad na postálacha maidir le leas sóisialach ar fearr ar éirigh leo. Úsáideadh teicneolaíocht Chliste nua maidir le fógraí an fheachtais a dhíriú ar sprioclucht, bunaithe ar rudaí cosúil le láthair agus iompar stíl mhaireachtála, a sholáthair 334,624 taispeáint.

Feachtas an SBCA:

Ba théama lárnach an fheachtais seo na cúinsí airgeadais athraithe a raibh go leor daoine thíos leo mar gheall ar an bpaindéim. Spreag an feachtas seo daoine teagmháil a dhéanamh le seirbhís saor in aisce, oscailte agus neamhbhreithiúnach an SBCA. D'éirigh leis an bhfeachtas. Taispeánadh é 3.2 milliún uair ar Facebook.

Feachtas 0818:

I nDeireadh Fómhair 2021, seoladh feachtas faisnéise poiblí lena chur in iúl don phobal go raibh an réamhuimhir do Línthe Cabhrach an SBCA agus an SFS á hathrú go dtí 0818. Cuireadh stop leis an tseanuimhir a fheidhmiú an 1 Eanáir 2022. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an ábhar brandála agus margaíochta uile de chuid an SFS agus an SBCA.

Comhpháirtíochtaí

- **SMEDIAS:** Rinne an BFS comhpháirtíocht le SMEDIAS, na gradaim náisiúnta mheán mhac léinn, ina ndearna an SFS agus an SBCA gradam a urrú. Ba é an cuspóir feachtas a mhúscailt ar an dá sheirbhís i measc lucht níos óige.
- **Seirbhís Phríosúin na hÉireann:** D'oibrigh an BFS le Seirbhís Phríosúin na hÉireann le físeán a tháirgeadh a chuireann an tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus a tacaíochtaí do phríosúnaigh chun cinn. Amharctar air laistigh de sheirbhís teilifíse inmheánach an phríosúin.


Foilseacháin agus bileoga

Rinne an Fhoireann Ábhair Digitigh na bileoga agus cairteacha balla 'Sochair agus Cánacha 2021' a fhoilsiú agus a scaipeadh ar an SBCA agus na IFSanna.

Foilsíodh Eolas d'Fhágóirí Scoile i leagan leictreonach amháin. Seoladh nasc leis an bhfoilseachán chug iar-bhunscoileanna agus chuig Lárionaid Eolais don Ógra.



Benefits and Taxes 2021				Citizens Information	
February 2021					
Payments for people of working age		Child benefits		Pay-Related Social Insurance (PRSI)	
Payments for people on unemployment and training schemes		Working Family Payment		Universal Social Charge (USC)	
Payments for people with disabilities		Childcare supports		Tax credits	
Payments for carers and guardians		Back to School Clothing and Footwear Allowance		COVID-19 payments and supports	
Payments for older people		Student Grant Scheme			
Payments for widowers and surviving civil partners		Medical Card/GP visit card			
Additional payments		State Pension			
Emergency payments		State Pension (Contributory)			



Cumhdach sna Meáin

Ar líne

Baineadh an clúdach ba mhó amach in Iúil, mar gheall ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil.

Na Meáin Chlóite

Baineadh an clúdach sna meáin chlóite náisiúnta ba mhó amach an 14 Iúil, i ngeall ar riaráistí morgáiste agus mar gheall go raibh ag streachailt le tionóntaí a gcíos a íoc. Cuireadh clúdach an SBCA in airde in áiteanna feiceálacha i gcaitheamh na bliana, agus bhí sé le feiceáil ar na chéad agus an dara leathanach 35 uair.


“Seirbhís ardchaighdeán den scoth. Cabhrach agus sárluachmhar, díreach a theastaíonn uainn ag an tráth seo. Táimid an-bhuíoch de do chuid tacaíochta.”
custaiméir an SFS

2

Abhcóideacht do dhaoine faoi mhíchumas**Caibidil 2:****Abhcóideacht do dhaoine faoi mhíchumas**

Ár Sainordú

Tacú le seirbhísí abhcóideachta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó iad a sholáthar go díreach



Déanann foireann Abhcóideachta an BFS seirbhísí túslíne a sholáthraíonn abhcóideacht a chur chun cinn chomh maith le monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacú leo. Oibríonn siad le foireann an SFS go himmheánach laistigh den BFS chun caighdeáin, beartais agus acmhainní abhcóideachta a fhorbairt.

Déanann an fhoireann Abhcóideachta monatóireacht ar agus tacú leis an méid seo a leanas:

1. An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN)
2. An líonra réigiúnach Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS)
3. Seirbhísí Ateangaireachta na Teanga Chomharthaíochta (SATC)
4. Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (CATCÉ)

Aonad TCÉ an BFS

Bunaíodh Aonad Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) in 2020 laistigh den fhoireann Abhcóideachta le haghaidh a thabhairt ar thionscadail faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus faoi thosach feidhme an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Bhunaigh an fhoireann Abhcóideachta Tionscadal Píolótach Scéim Dearbhán Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (a bhí ar siúl ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair 2021) a cheadaigh d'úsáideoirí TCÉ ateangaireacht saor in aisce a cheangal le teacht ar imeachtaí, seirbhísí, agus gníomhaíochtaí.

Aip Phíolótach ar Éileamh Ateangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ)

Cheadaigh Aip Chianda Ateangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (SATC) d'ateangairí le seirbhís ateangaireachta ar éileamh a sholáthar tríd an Aip nua. D'oibrigh an SATC agus an BFS le chéile ar an tionscadal píolótach, a seoladh an 16 Samhain 2020 ar feadh sé mhí. Sholáthair an tionscadal píolótach teacht díreach ar ateangaire TCÉ agus d'fhéadfaí í a íoslódáil chuig guthán póca, deasc nó tábléad. Dheimhnigh staidéar measúnaithe a rinneadh ag deireadh an tionscadail gur éirigh leis an gclár píolótach.

Clár Meantóireachta d'Ateangairí TCÉ

Chuir an BFS agus an SATC an chéad Chlár Meantóireachta Oiliúna ar siúl d'ateangairí teanga chomharthaíochta in Éirinn. D'fhreastail naonúr ateangairí cláraithe Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ar an oiliúint a d'eagraigh ionad TIEM – Oideachasóirí agus Meantóirí Ateangaireachta a Mhúineadh, go ndéanfar meantóirí gairmiúla díobh.

2.1 Seirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN)



Cuireann an SAN seirbhís saor in aisce agus rúnda abhcóideachta ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas, go háirithe iad siúd i gcásanna leochaileacha, atá scoite óna bpobail, a dhéanann cumarsáid ar bhealach éagsúil nó a bhfuil tacaíochtaí teoranta foirmiúla nó nádúrtha acu.

Oibríonn an SAN i gcomhar le cliaint agus cuireann sé ar a gcumas cinntí a dhéanamh faoina saol. Oibríonn na habhcóidí lena chinntiú go n-éistear le cliaint agus go dtéann a dteaghlaigh agus a soláthraithe seirbhíse i gcomhairle leo. Cabhraíonn siad le cliaint teacht ar thacaíochtaí lena saol a mhaireachtáil agus taitneamh a bhaint as páirt bhríoch a ghlacadh sa teaghlach, san obair agus san fhóillíocht.

Soláthar foirne agus cistiú

In 2021 d'fhostaigh NAS 48 duine ar fud na tíre. Fuair an SAN leithdháileadh foriomlán deontais €2,184,928.

Staitisticí an SAN



Tuarascálacha

D'fhoilsigh an SAN ceithre thuarascáil in 2021 i gcomhar leis an tSeirbhís Abhcóideachta d'Othair (an SAO). Díríonn gach tuarascáil ar obair an SAN agus an SAO, ina dtugtar cuntas ar an tacaíocht a sholáthraítear agus ar na torthaí dearfacha ar chabhraigh an tacaíocht abhcóideachta seo lena mbaint amach. Taispeánann siad an príomhról a ghlacann seirbhísí abhcóideachta i dtaobh tacú le daoine a d'fhéadfadh bheith leochaileach i sochaí na hÉireann, go háirithe i rith tréimhsí géarchéime.

1. Ceisteanna Abhcóideachta: Abhcóideacht a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas i seirbhísí cónaithe agus lae i rith phaindéim COVID-19
2. Ceisteanna Abhcóideachta: Abhcóideacht a dhéanamh do dhaoine maidir le 'Rochtain ar Cheartas' agus 'Cinnteoireacht' i rith phaindéim COVID-19
3. Ceisteanna Abhcóideachta: Abhcóideacht a dhéanamh do dhaoine maidir le cúram sláinte agus sóisialta i rith phaindéim COVID-19
4. Ceisteanna Abhcóideachta: Abhcóideacht a dhéanamh do dhaoine a chónaíonn i dtithe altranais i rith phaindéim COVID-19

D'fhreastail agus ghlac an SAN páirt i gcruinnithe Choiste an Oireachtais i nDeireadh Fómhair agus Nollaig maidir le Ceisteanna Míchumais a dhírigh ar "Seirbhísí Míchumais a Ailíniú le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD)" agus ar an téama dearaidh seirbhíse amach anseo do dhaoine faoi mhíchumas.

Chuir an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta agus an tSeirbhís Abhcóideachta Othar seimineár gréasáin ar siúl i mí na Nollag le dhá cheann de na tuarascálacha "Ceisteanna Abhcóideachta" a sholáthar. Chlúdaigh an dá thuarascáil a seoladh limistéir Sheirbhísí Cónaithe agus Lae agus Rochtain ar Cheartas agus Cinnteoireacht i rith COVID-19.

Beartas sóisialta, aighneachtaí agus feasacht a mhúscailt

I rith 2021, chuir an SAN leis an méid seo a leanas:

- Grúpa tagartha do Shainghrúpa um Chur i bhFeidhm Shaintuarascáil COVID-19 ar Thithe Altranais na Roinne Sláinte. Tá an grúpa seo ag comhoibriú anois leis an bhfoireann Maoirseachta um Chur i bhFeidhm agus rannchuidíonn sé le cur i bhfeidhm na moltaí
- Fóram Comhchomhairleach Náisiúnta Míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Coiste Safeguarding Ireland
- Fóram Comhchomhairleach Míchumais na Roinne Coimirce Sóisialaí (an RCS)
- Líonra Ceartais Choiriúil agus Míchumais na hÉireann (ICJDN)

2.2 Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (SATC)

Tacaíonn SATC le seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin TCÉ lena chinntiú gur féidir le daoine Bodhra teacht ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta agus páirt a ghlacadh i sochaí na hÉireann mar shaoránaigh iomlána agus chomhionanna.

Cuireann SATC Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann (SACÉ) ar fáil trí nasc físe chun cabhrú le tacú le daoine Bodhra teacht ar fhaisnéis, teidlíochtaí agus cearta.

Soláthar foirne agus cistiú

Rinne SATC 18 gcomhalta foirne a fhostú in 2021. Ba é leithdháileadh buiséid an BFS don SATC €748,155.

Staitisticí SATC



Fuarthas
849
iarraidh ar atreorú,
seirbhís atreoraithe
éigeandála san áireamh



Socraíodh
6,604
coinne ateangaireachta
cianda SACÉ



Socraíodh
9,507
coinne phríomhshrutha
SACÉ



Fuarthas
460
iarraidh ar rochtain ar
sheirbhís tacaíochta



Fuarthas
1,732
iarraidh ar an scéim
rochtana Cúraim DG
agus Príomhúil



Socraíodh
2,903
coinne de chuid na
haípe ateangaireachta
cianda (Samhain 2020 –
Meitheamh 2021)

Seirbhísí Ateangaireacht agus Thacaíocht Rochtana na Teanga Chomharthaíochta (SATC)

D'oibrigh SATC na seirbhísí seo a leanas in 2021:

- Seirbhís éigeandála 24/7 chun ateangaire teanga chomharthaíochta a shocrú i gcásanna géarchéime
- Seirbhís atreoraithe a rinne soláthraithe seirbhíse agus daoine Bodhra a nascadh le hateangairí
- Seirbhís a chumasaigh rochtain ar dhochtúir (DG) agus seirbhís Chúraim Príomhúil FSS
- Mhéadaigh SACÉ a acmhainn le coinní tráthnóna, Dé Sathairn agus Domhnaigh a sholáthar agus chuir sé rochtain ar éileamh ar fáil ar ateangaireacht TCÉ trí scéim phíolótach na haípe
- Seirbhís tacaíochta agus rochtana a chabhraíonn le soláthraithe seirbhíse na bacainní a laghdú agus bheith níos inrochtana
- Ciste Ateangaireachta Sóisialta chun fóc as costais ateangaireachta do shochraidí agus cásanna cruatain

2.3 Clár Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (CATCÉ)

Ar cheann de chuspóirí na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas (2017-2021) a bhí i gclár agus scéim dearbhaithe cáilíochta a bhunú d'ateangairí teanga chomharthaíochta.

Tá mar chuspóir ag an CATCÉ:

- Córas clárúcháin atá bunaithe ar chaighdeán a bhunú agus a chothabháil d'Ateangairí TCÉ le cosaint a chinntiú go don phobal Bodhar agus do sholáthraithe seirbhíse
- Na caighdeáin a leagan síos chun ateangaireacht TCÉ a sholáthar a theastaíonn ó gach comhlacht poiblí
- Tacú le comhlachtaí poiblí trí theacht ar chlár poiblí ateangairí
- Tacú le hateangairí gairmiúla TCÉ caighdeáin a bhaint amach agus a chothú
- Ionchuimsiú sóisialta úsáideoirí TCÉ a chur chun cinn trí thacú le ateangairí cláraithe a úsáid, teacht ar chomhlachtaí poiblí san áireamh

3

Rochtain ar fhaisnéis agus tacaíocht maidir le fiachas agus bainistíocht airgid

Caibidil 3:

Rochtain ar fhaisnéis agus tacaíocht maidir le fiachas agus bainistíocht airgid


Ár Sainordú

Tacú le comhairle a sholáthar ar fhiachas pearsanta agus bainistíocht airgid tríd an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)



Cuireann na hocht gcuideachta óna n-oibrítear an SBCA (ina bhfuil breis agus 50 oifig ar fud na tíre) comhairle saor in aisce, rúnda, neamhbhreithiúnach agus neamhspleách ar fáil ar fhiachas agus bainistíocht airgid ar fud na hÉireann. Tá sainchúram ag an SBCA chomh maith dul i ngleic le heisiamh airgeadais trí oideachas agus bainistíocht airgid. Chas an SBCA le 13,317 cliant nua i mbliana.

Cistíonn agus tacaíonn an BFS le 10 gcuideachta i líonra an SBCA, ar cuideachtaí réigiúnacha ocht gcinn díobh. Faigheann an SBCA leithdháileadh foriomlán deontais €16,485,398.



3.1 Foireann Soláthair Seirbhíse na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (an SBCA)

Tá foireann Soláthair Seirbhíse an SBCA freagrach as acmhainní, tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar do gach ceann de chuideachtaí an SBCA.

Tá Comhaontú Seirbhíse (CS) ag gach cuideachta an SBCA leis an BFS ina dtugtar cuntas ar chuspóir eagraíochta agus ar na leibhéil seirbhíse a mbíonn súil leo le freastal ar riachtanais chistithe. Is é ról na foirne a chinntiú go gcomhlíontar na CSanna agus rialuithe airgeadais agus chun oibriú leis na cuideachtaí maidir le tionscadail éagsúla. Oibríonn foireann an SBCA leis na cuideachtaí chun tacú le hathrú eagraíochta trí phróisis lena gcomhaontaítear go náisiúnta, cosúil le Straitéis Soláthair Foirne an SBCA.

Thacaigh foireann an SBCA in 2021 leis na comhairliúcháin ríomhshínithe agus chliant fhíorúla a fhorbairt san SBCA. Tá iad seo in ainm is tacú le forbairt fhoireann an SBCA. Cuimsíodh iontu seo ábhair cosúil le dócmhainneacht, córas baincéireachta na hÉireann, agus paindéim COVID-19 agus a éifeachtaí ar dhaoine atá thíos le fiachas.

Chas an SBCA le cliant go cianda, agus níor thit ach cruinnithe bunriachtanacha amach ar bhonn aghaidh ar aghaidh faoi phrótacail COVID-19.

Tionscadail an SBCA

Creat Dearbhaithe Cáilíochta an SBCA

Cuspóir straitéiseach don BFS is ea Creat nua Dearbhaithe Cáilíochta an SBCA lena gcomhaontaítear go náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tionóladh roinnt in 2021 agus tugadh cuireadh do rannchuiditheoirí ó Advice Northern Ireland agus ón Money Advice and Pensions Service, an Ríocht Aontaithe, le cur chuige agus córais dearbhaithe cáilíochta i dtíortha eile a thabhairt chun solais. Chuir an BFS tairiscint amach do shainchomhairleoir le forbairt Creat Dearbhaithe Cáilíochta a threorú san SBCA.

MABS.ie

Athdhearadh in 2021 é agus cuireann an láithreán gréasáin nuashonraithe seo feabhas ar aistear ar líne an chliant, bunaithe ar aiseolas ó chuariteoirí ar mabs.ie agus ar líonra an SBCA. Rinne an tionscadal seo athbhreithniú ar an ábhar go léir ar an láithreán lena chruinneas agus a ábharthacht a chinntiú.

D'oibrigh foireann an tionscadail le OPOFR (Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais). Fostaíodh speisialtóir UX (Eispéireas Úsáideoirí) chun cabhrú le feabhas a chur ar leagan amach an láithreáin ghréasáin nua chun go bhfreastalaíonn sé níos fearr ar riachtanais chuariteoirí chuig mabs.ie, a chinntíonn gur féidir leo an méid a theastaíonn uathu a aimsiú ar an mbealach is iomasaí agus is féidir.

Fógraí um Fhaoiseamh ó Fhiachas (FFF)

Tá gach ceann d'ocht gcuideachta réigiúnacha an SBCA cláraithe le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (SDÉ) le FFFanna a sholáthar. Tá an Fógra um Fhaoiseamh Fiachais ann chun freastal ar dhaoine a bhfuil ioncam nó sócmhainní indiúscartha ísle acu. Cheadaíonn sé do dhaoine nach bhfuil an t-airgead acu a bhfiachais phearsanta a íoc fiachas cáilitheach a mhéid le €35,000 a dhíscríobh, faoi réir tréimhse mhaoirseachta 3 bliana. Cheadaigh SDÉ 184 FFF in 2021.

3.2 Líne Chabhrach an SBCA

Is líne chabhrach náisiúnta í Líne Chabhrach an SBCA a oibríonn SBCA Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Cuireadh dhá athrú shuntasacha i bhfeidhm: glacadh le córas bainistíochta nua cáis agus athraíodh go huimhir nua 0818. Rinneadh 23,502 fiosrúchán maidir le Líne Chabhrach an SBCA in 2021. Rinne seirbhís na líne cabhraí 1,170 duine a atreorú go cuideachtaí éagsúla an SBCA ar fud na tíre. Rinneadh 1,473 fiosrúchán maidir leis an tseirbhís chomhrá ar líne trí uimhir nua WhatsApp an SBCA.

3.3 Tacaíocht an SBCA

Cuideachta ar leith í Tacaíocht an SBCA a sholáthraíonn oiliúint ardchaighdeán, acmhainní oideachais ar bhainistíocht airgid, tacaíocht beartais agus theicniúil don líonra ocht gcuideachta réigiúnacha de chuid an SBCA. Oibríonn an fhoireann lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ag an SBCA i leith soláthar seirbhíse trí chaighdeán cháilíochta, próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt. Déanann siad aighneachtaí beartais a chomhordú thar ceann an SBCA le béim a leagan ar an tionchar a imríonn tograí beartais agus athruithe ar dhaoine atá eisiata ó thaobh airgeadais in Éirinn.

"Ní fhéadfainn gabháil tríd an bpróiseas murach an SBCA. Feictear dom go raibh an tseirbhís an-áisiúil agus an-eolasach i gcónaí. Ní fhéadfainn déileáil leis an tsáinn ina raibh mé murach an SBCA."

Oiliúint Thacaíocht an SBCA:

D'oibrigh foireann Foghlama agus Forbartha an SBCA go dlúth le hAonad Ríomhfhoghlama an BFS le cúrsaí nua a fhorbairt agus chuir siad le cúrsaí a bhí á bhforbairt a bhí infheidhme maidir le foireann an SBCA.

Cuireadh cúrsaí Ríomhfhoghlama an SBCA ar fáil do 475 comhalta foirne in 2021. Cuireadh oiliúint ionductúcháin agus oiliúint ar fhorbairt bainistíochta ar fáil freisin.

Aighneachtaí beartais an SBCA

D'ullmhaigh Tacaíocht an SBCA aighneachtaí beartais i gcomhairle le cuideachtaí réigiúnacha an SBCA agus leis an BFS. Tá gach ceann d'aighneachtaí 2021 ar fáil ar an láithreán gréasáin mabs.ie agus áirítear leo:

- Aighneacht leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais (an CRF) (Eanáir)
- Aighneacht leis an Athbhreithniú ar an Ráiteas Airgeadais Caighdeánach – Banc Ceannais na hÉireann (Aibreán)
- Aighneacht leis an mBille um Chosaint Thomhaltóirí (Rialáil Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola) (Márta)
- Aighneacht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir leis an Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos (Meitheamh)
- Aighneacht le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (ISI) maidir leis an Athbhreithniú ar Chostais Réasúnta Mhaireachtála - Comhairliúchán Poiblí (Lúnasa)
- Aighneacht ar Ghrinnscrúdú Réamhreachach Scéim Ghinearálta an Bhille um Chreidmheas do Thomhaltóirí (Meán Fómhair)

Cuir i láthair an SBCA

I Meitheamh, tugadh cuireadh d'ionadaithe ó Thacaíocht an SBCA cur i láthair a dhéanamh le Comhchoiste an Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach mar chuid d'iniúchadh mionsonraithe ar an mBille um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 2018.

I nDeireadh Fómhair, rinne Tacaíocht an SBCA cuir i láthair do mhisean Teicniúil an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an CAI) le plé a dhéanamh ar dhócmhainneacht agus athstruchtúrú fiachais. Bhí seo mar chuid de Chlár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais (FSAP) tréimhsiúil ar chóras airgeadais na hÉireann.

3.4 Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid an Lucht Siúil Náisiúnta (SBCALSN)

Oibríonn SBCALSN le bochtaineacht, idirdhealú agus eisiámh airgeadais Taistealaithe in Éirinn a laghdú. Oibríonn siad le pobal an Lucht Siúil agus le heagraíochtaí le beartais agus cleachtais a athrú a imríonn tionchar ar Thaistealaithe ó thaobh airgeadais de.

Lean SBCALSN in 2021 le hacmhainní a tháirgeadh le feabhas a chur ar ionchuimsiú agus feachtas airgeadais i measc phobal an Lucht Siúil. Úsáideadh na meáin shóisialta le faisnéis a chur chun cinn agus roinnt ar ábhair ar leith. I measc na n-acmhainní a táirgeadh, bhí sraith físeáin Ceisteanna Airgid (Money Matters) i gcomhar le Cúram Sláinte Príomhúil Luimnigh Thiar a bhain le réimse ábhar idir buiséadú agus iasachtú.

3.4.1 Tionscadal SBCALSN

An Scéim Phíolótach Iasachta Carbháin (SIC)

Déantar ionadaíocht do SBCALSN i ngrúpa a bhunaigh an tAonad Tithíochta don Lucht Siúil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le maoirseacht a dhéanamh ar an SIC. Chuir SBCALSN le meicníochtaí aisíocaíochta inrochtana agus sholáthair sé idir aiseolas agus fhaisnéis ar na hiarmhairtí a bhaineann le teip ar aisíocaíocht a dhéanamh agus ar shaincheisteanna eile is ábhar buartha dóibh siúd a bhfuil súil acu bheith rannpháirteach sa scéim. Spreagtar taistealaithe sna ceantair píolótacha ar spéis leo cur isteach ar an scéim iasachta teagmháil a dhéanamh lena SBCA áitiúil le tacaíocht a fháil le buiséadú agus le hullmhú do na haisíocaíochtaí iasachta. D'eagraigh SBCALSN oiliúint le foireann an SBCA le hiad a ullmhú don SIC a thabhairt isteach. Tosaíodh an scéim an 12 Iúil 2021 agus chuir ceithre chomhairle contae iasachtaí ar tairiscint, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Luimnigh agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ina measc.


Bochtaineacht fuinnimh

D'oibrigh SBCALSN le roinnt údarais áitiúla chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh i gcóiríocht don Lucht Siúil. Rinne SBCALSN comhpháirtíocht leis an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach le taighde a dhéanamh ar fhuinneamh agus tithe soghluaiste, ar mhaithe le heolas a sholáthar do chreat do chóiríocht atá níos tiosaí ar fhuinneamh agus níos inacmhainne do Thaistealaithe.

Aighneachtaí beartais SBCALSN

Chuir SBCALSN leis na haighneachtaí beartais seo a leanas:

- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití 10 mbliana SOLAS d'Éirinn (Eanáir)
- Próiseas comhairliúcháin ar Rialáil Breoslaí Soladacha (Márta)
- Athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte (Aibreán)
- Athbhreithniú Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) (Aibreán)
- Aighneacht an Údarais um Ard-Oideachas agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an bPlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2022-2026 (Meitheamh)
- Creat Cáilíochta do Sheirbhísí Meabhairshláinte in Éirinn (Meitheamh)
- Comhairliúchán ar an Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas (Meitheamh)



3.5 Abhaile

Seirbhís é Abhaile atá cistithe ag an Stát a chabhraíonn le húinéirí tí teacht ar réiteach ar a riaráistí morgáiste tí. Cuireann Abhaile comhairle agus cabhair airgeadais agus dlí saor in aisce ar fáil ó shaineolaithe agus tagtar air tríd an SBCA. Cabhraíonn Abhaile le sealbhóirí morgáiste a bhfuil riaráistí fadtéarmacha acu chun na réitigh is fearr a aimsiú agus chun fanacht, pé áit ar féidir, ina dtithe féin.

Cuireann Abhaile ionad ilfhreastail ar fáil le haghaidh réimse tacaíochtaí comhairle airgeadais agus dlí. Cuireann comhairleoirí Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe (RMT) an SBCA nó Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (CDPanna) comhairle airgeadais ar fáil. Tá tacaíocht dlí ar fáil ó aturnaetha dualgais agus meantóirí cúirte an SBCA ag éisteachtaí seilbhe sa chúirt chuarda. Tá comhairle dlí ar fáil ó sheirbhís aturnae comhairliúcháin agus trí athbhreithnithe um Shocrú Dócmhainneachta Pearsanta (SDP), a dtugtar athbhreithnithe Alt 115A orthu freisin faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015.

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS) seirbhísí Abhaile a chomhordú agus a chistiú le chéile. Riarann an BFS an cistiú agus rialachas na scéime agus tá freagracht air as cumarsáid náisiúnta Abhaile. Oibríonn an SBCA, Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (SDÉ), an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an BFS le chéile chun scéim Abhaile a chur i bhfeidhm.

Síneadh Abhaile go dtí deireadh 2022. Léiríonn an cinneadh an scéim a shíneadh an t-ardleibhéal leanúnach de riaráistí morgáiste fadtéarmacha agus an rath atá ar Abhaile i dtaobh cabhrú leis seo a laghdú.

Cumarsáid Abhaile

Is í príomhaidhm chumarsáid Abhaile feasacht a mhúscailt ar Abhaile agus úinéirí tí a spreagadh teagmháil a dhéanamh leis an SBCA mar an tairseach leis na tacaíochtaí atá ar fáil a fháil. Spreagann agus tacaíonn an SBCA le húinéirí tí nach ndearna teagmháil lena n-iasachtóir amhlaidh a dhéanamh. Mura féidir leo seo a dhéanamh, spreagtar iad teagmháil a dhéanamh le Abhaile agus leas a bhaint as an réimse seirbhísí atá ar fáil tríd an scéim.

D'oibrigh foireann cumarsáide Abhaile in 2021 le feasacht ar Abhaile a chothú i rith na srianta sláinte poiblí mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus méadaíodh an ghníomhaíocht go straitéiseach de réir mar a tháinig laghdú ar shrianta. Bhí seirbhísí Abhaile ar fáil dóibh siúd ónar theastaigh siad trí na bearta éagsúla sriantacha sláinte poiblí. Ar an ábhar sin, ba thábhachtach go raibh an cumarsáid a bhí á déanamh lúfar i gcónaí mar fhreagairt do na hathruithe.

Príomhchuid de straitéis cumarsáide fhoriomlán Abhaile é láithreán gréasáin an SBCA. Cuireann sé eolas breise ar fáil ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn tacaíocht.

Staitisticí Abhaile



Fuair
19,300
teaghlach comhairle
airgeadais*



Thacaigh Abhaile le
28,356
iasachtaí sa chúirt*



Fuair
10,373
iasachtaí a raibh riaráistí
morgáiste ar chéim
dhéanach acu comhairle*



Chuir
1,786
duine glaoch ar Líne
Chabhrach an SBCA
a d'iarr ar labhairt le
hionadaí Abhaile

*tá na figiúirí carnach ó tosaíodh an scéim

4

Beartas Sóisialta agus Taighde

Caibidil 4:

Beartas Sóisialta agus Taighde

Ár Sainordú

Tacú le soláthar faisnéise ar éifeachtacht bheartas agus seirbhísí reatha sóisialta agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt agus saincheistanna a thabhairt chun solais arb ábhar buartha iad d'úsáideoirí na seirbhísí siúd.



Ar cheann de phríomhróil an BFS is ea tacú le faisnéis ar éifeachtacht an bheartais shóisialta agus soláthair seirbhíse sóisialta agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt. Bailíonn agus déanann an fhoireann Beartais Sóisialta agus Taighde anailís ar fhaisnéis agus ar shonraí chun cabhrú lena dheimhniú cad a bhfuil ag éirí go maith leis don phobal agus cén athruithe a theastaíonn chun go mbíonn seirbhísí sóisialta níos freagrúla agus níos éasca le teacht orthu.

4.1 Tuairisceáin Bheartais Shóisialta (TBSanna)

Leis na saincheistanna agus na téamaí beartais shóisialta ábhartha a shainathint, tá próiseas i bhfeidhm ag an bhfoireann Beartais Shóisialta inar féidir leis an bhfoireann sna Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna) TBS a sheoladh ar aghaidh chuig an BFS. Déanann siad é seo nuair a bhíonn cliant thíos le deacracht ar leith i dtaobh teacht ar sheirbhísí sóisialta nó poiblí. Is minic go dtugann na TBSanna le fios go bhfuil fadhb níos fairsinge le beartas, cleachtas nó le píosa reachtaíochta.

Is féidir leis na sonraí, an fhianaise agus an léargas a chuireann na seirbhísí túslíne seo ar fáil dúinn an tionchar a thaispeáint a imríonn caitheamh an rialtais, beartas rialtais agus beartas rialtais a riar. Úsáideann an fhoireann Beartais Shóisialta an fhaisnéis seo le heolas a chur ar fáil dá n-aighneachtaí le saincheistanna a thagann aníos arís agus arís eile a thabhairt chun solais chun gur féidir beartas agus seirbhísí poiblí a fheabhsú.

Tuairisceáin Bheartais Shóisialta chuig an BFS:

13%
tithíocht

11%
COVID-19

36%
leas
sóisialach

Fuarthas
breis agus
8,000
TBS

“Mholfainn go mór do chara é, tá na fadhbanna a bhíonn ar gach duine éagsúil, ach fáiltíonn an SBCA roimh gach duine.”



Cliaint an SBCA

4.2 Aighneachtaí Beartais Shóisialta

D'fhreagair an fhoireann in 2021 do 20 comhairliúchán poiblí. I measc na n-ábhar, bhí idir an Pinsin Stáit inbhuanaithe, Cothabháil Linbh, an Pá Íosta Náisiúnta, agus tuarascáil Stáit Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD), Straitéis Tithíocht do Chách, agus athbhreithniú ar an Reachtaíocht Chomhionannais.

Tá aighneachtaí ar fáil le hamharc orthu ar an láithreán gréasáin seo:

citizensinformationboard.ie/en/publications/submissions/



Príomhaighneacht a bhí in aighneacht réamhbhuiséid an BFS, Dul i nGleic le Buarthaí Saoránach ar Leordhóthanacht Ioncaim, Fiachas agus Comhairle Airgid. Dhírigh seo ar bhuarthaí daoine aonair agus teaghlach atá thíos le brúnna ar leith agus rudaí a chruthaíonn deacrachtaí móra, faoi mar a chuir saoránaigh in iúl sna ceisteanna a chuir siad ar agus sa teagmháil a rinne siad le seirbhísí soláthair an BFS. Bhain iad seo le tithíocht, neamhdhóthanacht ioncaim, aistriú ó leas go dtí an obair, agus bearnaí i seirbhísí, seirbhísí sláinte san áireamh.

Léirigh an rialtais iarbhuiséid an BFS, Torthaí Bhuiséad 2022, go raibh go leor de na buarthaí a thug seirbhísí chun solais san aiseolas a thug siad go rialta le tabhairt faoi deara i soláthairtí buiséadacha an Rialtais don bhliain 2022 agus go léiríonn siad go leanann obair na seirbhísí seo de bheith ábhartha.

“Tá cohórt mór daoine ann nach bhfuil cárta leighis ná árachas sláinte acu. Thug an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS), a léiríonn go soiléir na rudaí a chuireann buairt ar an bpobal, gurb í láthair an toisc a dhéanann difear do theacht ar sheirbhísí DG i measc iarratasóirí ar chárta leighis. Thug sé le fios freisin gur cheart an tairseach ioncaim don tástáil mhaoine do chárta leighis a laghdú mar gheall gur fágadh go leor teaghlach a bhfuil ioncaim mheasartha acu as an áireamh.”

Eilish O'Regan, Irish Independent, 5/02/2022.

4.3 Mol Sonraí

Forbraíodh Mol Sonraí nua an BFS in 2021. Soláthraíonn sé teacht tapa agus gan stró ar shonraí faoi ghlaiteoirí agus maidir le ceisteanna a cuireadh ar an líonra náisiúnta SFSanna. Cuireann an Mol Sonraí réimse fairsing d'fhaisnéis staitistiúil ar fáil na buarthaí a bhfuil na seirbhísí ag cabhrú leis an bpobal leo i measc gach gné de chearta agus teidlíochtaí. Dirítear ar phríomhthreochtaí:

- Cé a úsáideann an SFS?
- Cén fhaisnéis agus comhairle atá á lorg acu?
- Cén catagóirí ceisteanna is forleithne agus cén treochtaí atá ag teacht chun cinn?

I measc na gceisteanna ba mhinice a cuireadh i measc na bpríomhchatagóirí, tá leas sóisialach, tithíocht, cearta fostaíochta, sláinte agus saincheisteanna a bhaineann le COVID-19.

Is féidir teacht ar an Mol Sonraí ag: citizensinformationboard.ie/en/data-hub/



Ó Chlé go Deas: Fiona Coyne, Príomhfheidhmeannach BFS, An tAire Heather Humphreys T.D., Catherine Heaney, Cathaoirleach an Bhoird

5

Rochtain ar fhaisnéis

Caibidil 5:

Rochtain ar fhaisnéis

Ár Sainordú

Len chinntiú go mbíonn teacht ag daoine aonair ar fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus shoiléir a bhaineann le seirbhísí sóisialta.



5.1 Citizensinformation.ie

Cuirtear faisnéis faoi sheirbhís phoiblí d'Éirinn ar fáil ar láithreán gréasáin faisnéise an BFS, citizensinformation.ie. Bailíonn an láithreán gréasáin faisnéis ó ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis ag úsáideoirí a theastaíonn uathu, a chuirtear i láthair ar bhealach atá éasca le tuiscint. Úsáideann an pobal an láithreán gréasáin seo le teacht ar eolas faoina gcearta agus a dteidlíochtaí agus is é an phríomhfhoinsé faisnéise do sholáthraithe faisnéise i Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna) agus sa tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS).

Daoine a thug cuairt ar citizensinformation.ie

Chuir an láithreán gréasáin seo 13,215,951 úsáideoir i gcuntas, agus bhain beagnach 12 úsáideoir leas as tar éis cuardach a dhéanamh ar Google agus bhain sé thart ar 45.5 milliún amharc leathanaigh amach. Bhí na trí mhí dheireanacha den bhliain thar a bheith gnóthach ar fud an láithreáin ghréasáin nuair a eisíodh Buiséad 2022 an Rialtais, nuair a rinneadh athruithe ar shrianta COVID-19 agus nuair a tugadh vacsaíní teanndáileoige COVID-19 isteach.

Na cúig leathanach gréasáin ba mhó ar tugadh cuairt orthu:



1.

Bhain 'Ag taisteal go hÉirinn i rith COVID-19' breis agus **2 mhilliún** amharc leathanaigh amach



2.

Bhain 'Srianta COVID-19 in Éirinn' **1.5 milliún** amharc leathanaigh amach



3.

Bhain 'Deimhniú Digiteach COVID an AE' **833,832** amharc leathanaigh amach



4.


Bhain 'Bearta sláinte poiblí i leith COVID-19' **701,416** amharc leathanaigh amach



5.

Bhain 'Ag Filleadh ar Éirinn agus COVID-19' **603,648** amharc leathanaigh amach

Na catagóirí ba mhó ar amharcadh orthu mar % den líon amhairc leathanaigh



COVID-19

23%

Leas sóisialach

22%

Taisteal

14%

Fostaíoch

11%

“Ba mhaith liom díreach moladh a thabhairt duit faoi shimplíocht agus soiléireacht do láithreáin ghréasáin... Theastaigh uaim teacht ar roinnt faisnéise faoi réadmhaoin a ligean ar cíós agus bhí an míniú scríofa i mBéarla soiléir agus, nuair a chuirtear castacht an ábhair san áireamh, b’éasca é a thuiscint.”
Ball den phobal

5.1.1 Faisnéis inrochtana

Thosaigh an fhoireann Ábhair Dhigitigh go déanach in 2020 ag oibriú go dlúth leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh (an ÁNLA) ar thionscadal oiliúna agus meantóireachta a sholáthair seisiúin oiliúna phraiticiúla agus idirghníomhacha. Athscríobhadh go leor leathanach i ngach catagóir i mbliana a chloíonn le treoirlínte maidir le Béarla neamhchasta, agus ina gcuimsítear aiseolas ón SGFS agus ó IFSanna leis an ábhar a dhéanamh níos dírithe ar úsáideoirí agus níos inrochtana. Baineadh soiléireacht níos fearr amach ar fud citizensinformation.ie dá thoradh sin.

5.1.2 Na Meáin Shóisialta

Lean paindéim COVID-19 de bheith ar an aschur meán sóisialta ba mhó in 2021. Cuireadh ábhar ar athruithe ar shrianta COVID-19 in airde go rialta. Rinneadh ocht mionfheachtas mhíosúla a bhain le hábhair éagsúla nó a dhírigh ar lucht leanúna ar leith a chruthú agus a roinnt:

Mí	Ábhar an fheachtais	Líon na bpostálacha	Taispeáintí	Idirchaidreamh
Feabhra	Ceartha fostaíochta	41	189,958	5,844
Márta	Pósadh	38	46,378	865
Aibreán	Tomhaltóirí	28	37,542	909
Bealtaine/ Meitheamh	Eolas d’fhágóirí scoile	20	47,619	801
Meitheamh	Daoine breacaosta agus cúramóirí	36	85,590	2,106
Iúil / Lúnasa	Ar saoire ón scoil	32	64,135	1,237
Meán Fómhair	Beatha an mhic léinn	32	46,483	892
Samhain	Pinsin	43	58,535	1,256

Bhain an phostáil mheán sóisialta ba mhó a raibh tóir uirthi in 2021 é sin a bhain leis an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil.



citizensinfo
@citizensinfo

You can apply for the Back to School Clothing and Footwear Allowance from today, 21 June. See rates below. For more:

Log on to bit.ly/3vm8MvA

Call the Citizens Information Phone Service on 0761 07 4000

Call or email your local Citizens Information Centre

Back to School Clothing and Footwear Allowance

Rate for each child aged 4–11 years on 30 September 2021.	150.00 (once-off payment)
Rate for each child aged 12–17 years on 30 September 2021. It is also paid to qualified children aged 18–22 in second-level education.	275.00 (once-off payment)

Weekly income thresholds

Number of dependent children	Couple	One-parent family
1 child	608.70	443.30
2 children	653.70	488.30
3 children	698.70	533.30
4 children	743.70	578.30
Each additional child	45.00	45.00

**Citizens Information**

10:01 AM · Jun 21, 2021

3


Reply

Copy link

Explore what's happening on Twitter

Foinse: Cuntas Twitter um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Cruthaíodh próisis agus treoirlínte in 2021 leis an mbealach nua a d'úsáid an BFS na meáin shóisialta in 2021 a chaighdeánú mar fhreagairt don phaindéim. D'úsáid an fhoireann na meáin shóisialta go cruthaitheach, dearadh grafaicí agus físeáin d'fheachtais, agus forbraíodh ailt Bíodh Eolas Agat ar do Chearta do Facebook.



Feachtais um chur chun cinn sna meáin shóisialta

Chuir an BFS roinnt feachtais íoctha phromóisin ar siúl a chuir trí chainéal um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun cinn agus a rinne athruithe ar uimhreacha gutháin.

Cuireadh gnéithe d'obair na heagraíochta chun cinn trí fhoilseacháin fógraíochta faoi fheachtais, staitisticí láithreán gréasáin, seachtain Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tuarascáil bhliantúil an BFS.



Foinse: Cuntas Twitter um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

5.1.3 An tairseach 'Ag Filleadh ar Éirinn'

Ceadaíonn an tairseach 'Ag Filleadh ar Éirinn' ar citizensinformation.ie, lena dtacaíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha, d'eisimircigh Éireannacha a bhfuil faisnéis á lorg acu ar fhilleadh ar Éirinn, an fhaisnéis a theastaíonn uathu a aimsiú in aon áit amháin. Tá 26 leathanach gréasáin tiomnaithe aonair ar an tairseach seo faoi láthair. Tháinig méadú aníos go dtí 558,002 úsáideoir ar líon na n-úsáideoirí (méadú +5% ar 2020). D'fhéach na húsáideoirí seo ar 913,054 leathanach gréasáin. B'ionann líon na gcuartheanna ar leathanaigh tiomnaithe na tairsí agus 2% de na hamharc leathanaigh iomlána ar an láithreán gréasáin in 2021 (45.5 milliún).

Ba iad na leathanaigh ba mhó a raibh tóir orthu sa tairseach 'Ag Filleadh ar Éirinn agus COVID-19' agus leathanach baile na tairsí agus 'Do Pháirtneir sibhialta neamh-LEE nó neamh-AE a thabhairt abhaile go hÉirinn'.

5.1.4 Príomhathruithe ar citizensinformation.ie**An chatagóir leasa shóisialaigh**

Ba é Leas Sóisialach an chatagóir ba ghnóthaí ar an láithreán gréasáin agus bhain sé breis agus 10 milliún amharc leathanaigh amach. Baineann na leathanaigh is mó a n-amharctar orthu idir 100,000 agus 500,000 amharc leathanaigh amach. Ba í lócaíocht Dífhostaíochta Phaindéim COVID-19 an leathanach ba mhó a raibh tóir air agus bhain sé breis agus 500,000 amharc leathanaigh amach.

Príomhathruithe: Imríonn an Buiséad tionchar an gcatagóir iomlán ag tús agus deireadh na bliana agus eascraíonn nuashonruithe ar fhormhór na leathanach as. Rinneadh nuashonruithe ar an mBuiséad agus COVID-19 freisin i gcaitheamh na bliana.

Catagóir COVID-19

Bhain ábhar a bhain go sonrach le COVID breis agus 10.2 milliún amharc leathanaigh amach. I mí Eanáir amháin, ar leathanaigh a bhain go sonrach le COVID-19 a bhí an ceathrú cuid de na 4.2 milliún de na hamhairc leathanaigh.

Bhain ábhar a bhain go sonrach le COVID-19 thart ar aon mhilliún amharc amach i mBealtaine. Chuir seacht leathanach ar an láithreán gréasáin a chuireann comhairle ar fáil ar shrianta COVID-19 agus bearta taistil 1.1 milliún den 4.2 milliún amharc leathanaigh i dtaifeadta in Iúil (an líon ab airde iomlán míosúil in 2021).

Príomh-nuashonruithe: Tugadh an clár vacsaíne isteach, laghdaíodh srianta do dhaoine a bhí go hiomlán vacsaínithe, agus bearta taistil.

An chatagóir Taistil agus Áineasa

Ba é Taisteal agus Áineas an dara catagóir ba ghnóthaí agus bhain sé breis agus sé mhilliún amharc leathanaigh amach. Ba é 'Ag taisteal go hÉirinn i rith COVID-19' an leathanach ar a

raibh an tóir ba mhó agus bhain sé breis agus dhá mhilliún amharc leathanaigh amach. Bhain 'Deimhniú Digiteach COVID an AE' beagnach 830,000 amharc leathanaigh amach. Bhain an leathanach Coraintín Éigeantach Óstáin breis agus 420,000 amharc leathanaigh amach.

Príomh-nuashonruithe: Athruithe ar rialacha coraintín óstáin, athruithe ar thíortha a bhí liostaithe mar thíortha neamhainmnithe, athruithe ar riachtanais tástála do dhaoine a thagann isteach go hÉirinn, athruithe ar rialacha i dtaobh DDC bailí a bheith acu, próiseáil pasanna, síntí le ceadúnais tiomána, an SNTC agus athruithe ar thástálacha tiomána.

Catagóir na Sláinte

Ba í Sláinte an ceathrú catagóir ba ghnóthaí ar an láithreán gréasáin agus bhain sé breis agus trí mhilliún amharc leathanaigh amach. Bhain na leathanaigh ba mhó a raibh tóir orthu in Sláinte le COVID-19. Ba iad bearta sláinte poiblí an leathanach gréasáin ba mhó a raibh tóir air agus bhain sé breis agus 700,000 amharc leathanaigh amach.

Leathanaigh eile a raibh tóir orthu iad Tástáil do COVID-19 (357,000 amharc leathanaigh), Vacsaíní do COVID-19 (335,000 amharc leathanaigh), gluaiseacht shrianta agus féinaonrú do COVID-19 (243,000 amharc leathanaigh) agus Teagmhálaithe dlútha agus rianú teagmhálaithe (189,000 amharc leathanaigh). Ba é an cárta leighis an cúigiú leathanach ba mhó a raibh tóir air agus bhain sé breis agus 194,000 amharc leathanaigh amach.

Príomh-nuashonruithe: Athruithe ar shrianta agus dlíthe COVID-19, athruithe ar thástáil agus rialacha aonraithe, nuashonruithe ar an gclár vacsaíne, cárta leighis éigeandála do dhaoine ar a bhfuil breoiteacht an bháis orthu, athruithe reachtaíochta ar scéim an Mhargaidh Chothroim agus athruithe ar an Scéim Íocaíochta Drugaí.

Catagóir na tithíochta

Ba í Tithíocht an séú catagóir ba ghnóthaí ar an láithreán gréasáin agus bhain sé beagnach trí mhilliún amharc leathanaigh amach. Ba iad na leathanaigh ba mhó a raibh tóir orthu sa chatagóir an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (245,862 amharc leathanaigh) agus Iarratas a dhéanamh ar thithíocht shóisialta (188,629 amharc leathanaigh).

Príomh-nuashonruithe: Nuashonraíodh cáipéisí faoi áit chónaithe a fháil ar cíos go rialta mar gheall gur thug reachtaíocht nua um thionóntachtaí cónaithe réimse cosaintí COVID-19 isteach le tionóntaí a chosaint, chomh maith le cosaintí ginearálta isteach le hiarracht cíosanna atá ag dul i méid a chosc. Cuireadh cáipéisí nua, cosúil leis an Scéim Sásaimh Míoca agus Cearta Slí, leis an láithreán gréasáin.

Catagóir an Airgid agus na Cánach

Ba í Cáin Mhaoine Áitiúil an dara leathanach ba mhó ar amharcadh air i gcatagóir an Airgid agus na Cánach agus tháinig méadú bliantúil 55% ar amhairc leathanaigh.

Príomh-nuashonruithe: Foilsíodh ábhar nua agus nuashonraithe leis an bhfochatagóir 'Cáin Mhaoine Áitiúil' sular tugadh athruithe ar an gcáin isteach.

6

Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Caibidil 6:

Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Ár Sainordú

Inrochtaineacht, comhordú agus feacht phoiblí níos fearr ar sheirbhísí sóisialta a chur chun cinn.



Tá foireann Soláthair Seirbhíse an SFS freagrach as acmhainní, tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar do gach ceann de chuideachtaí an SFS.

Tá Comhaontú Seirbhíse (CS) ag gach cuideachta an SFS leis an BFS ina dtugtar cuntas ar chuspóir eagraíochta agus ar na leibhéil seirbhíse a mbíonn súil leo le freastal ar riachtanais chistithe. Is é ról na foirne a chinntiú go gcomhlíontar an CS agus rialuithe airgeadais agus chun oibriú leis na cuideachtaí maidir le tionscadail éagsúla.

Déanann an fhoireann Soláthair um Fhaisnéis do Shaoránaigh sa BFS monatóireacht agus tacaíocht a chur ar fáil dó:

- An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS)
- An tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS)

6.1 An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS)

Cuireann an SGFS seirbhís faisnéise chuimsitheach agus rúnda ghutháin ar fáil don phobal. Tá an t-ionad glaonna bunaithe i gCorcaigh.

Soláthar foirne agus cistiú

Fostaíonn an SGFS 32 duine faoi láthair agus fuair siad leithdháileadh foriomlán deontais €1,201,552 in 2021.

Cuireann an SGFS le gnéithe eile de shainchúram an BFS tríd an méid seo a leanas:

- Tuairisceáin Bheartais Shóisialta
- Seirbhís inrochtana Chomhrá Gréasáin atá in ainm is freastal ar riachtanais iad siúd a bhíonn thíos le bacainní i leith cumarsáid a dhéanamh ar an nguthán
- An tSeirbhís Phiarthacaíochta, ar nasc díreach é idir an SGFS agus IFSanna ar fud na tíre. Tá mar chuspóir ag an tseirbhís teacht ar fhoireann Oifigigh Faisnéise a chur ar fáil atá ar fáil le tacaíocht do cheisteanna agus comhairliúchán a sholáthar.
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna a cuireadh sna meáin shóisialta
- Tacú leis an tSeirbhís 'Iarr ar Athghlao' a sholáthair an SFS in 2021
- Tabhairt faoi mhonatóireacht leanúnach ar cháilíocht ghlaonna

6.2 Staitisticí faoin SGFS



Glaonna gutháin a chuir an pobal a freagraíodh:

161,683



Comhrá gréasáin: freagraíodh

2,789

ceist in 2021, arb ionann sin agus méadú 19% ar líon na gcomhráite roimh an bpaindéim in 2019



Tuairisceáin bheartais shóisialta:

1,081



Seirbhísí piarthacaíochta:

1,723

glaoch próiseáilte



Ceisteanna a cuireadh sna meáin shóisialta:

575



Seirbhís athghlao an SGFS:

1,824



Rinneadh monatóireacht ar 820 glaoch agus baineadh cáilíocht ghlaigh

97%

amach, ar an meán




Na trí chatagóir ba mhó sa bhliain 2021:

Leas sóisialach: **31%**
COVID-19: **16%**
Fostaíocht: **11%**

6.3 Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna)

Cuireann líonra náisiúnta d'Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh (IFSanna), a ndéanann ocht Seirbhís réigiúnach um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFS) maoirseacht orthu, seirbhísí saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda faisnéise, comhairle agus abhcóideachta ar fáil don phobal.

Is iad seo a leanas na limistéir sheirbhíse réigiúnacha:



Soláthar foirne agus cistiú

Ag deireadh 2021, bhí breis agus 200 fostaí sa líonra SFSanna.

Fuair cuideachtaí an SFS leithdháileadh foriomlán deontais €14,577,355 in 2021.

Tá Bainisteoirí Réigiúnacha na SFSanna freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phlean oibre réigiúnach a sholáthar, acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn i leith soláthar seirbhíse laistigh dá gceantar tíreolaíochta.

Tá boird bhainistíochta réigiúnacha freagrach as bainistíocht agus rialachas na gcuideachtaí seo, agus cuireann an BFS réimse maoirseachta agus tacaíochta ar fáil.

6.3 Staitisticí faoin SFS

Daoine a chuir glaoch ar an SFS: 338,167

Seo a leanas an miondealú ar ghlaiteoirí chuig an SFS:

- Glaonna gutháin díreacha: 72%
- Ríomhphoist nó litreacha: 6%
- Glaiteoirí i bpearsan chuig seirbhísí: 11%
- Éascaíodh 11% díobh tríd an tseirbhís larr ar Athghlao (a bunaíodh i rith COVID-19)

Tuairisceáin bheartais shóisialta: 6,936

Cásanna abhcóideachta a láimhseáil SFSanna:**Abhcóideacht ghearrthéarmach:**

Bhí 1,094 cás i gceist.

Abhcóideacht fhadtéarmach:

As na 2,058 cás abhcóideachta aonair lenar dhéileáil seirbhísí, bhí 814 cás ar oscailt cheana féin ag tús 2021. Bhí 1,244 cás nua ann (méadú 41%) agus dúnadh 1,254 cás, ar an iomlán, in 2021.

Na 10 gcatagóir cheisteanna ba mhó

Leas sóisialach:
43%
nó 300,644



COVID-19:
6%
nó 41,422



Fostaíocht:
9%
nó 59,306



Tithíocht:
9%
nó 61,577



Ag Bogadh Tíre:
4%
nó 24,101



Airgead agus Cáin:
5%
nó 38,047



Sláinte:
6%
nó 43,372



Breith,
Teaghlach agus
Caidreamh:
3%
nó 21,091



Seirbhísí agus
faisnéis áitiúil:
5%
nó 32,636



Ceartas:
3%
nó 19,340

Na 10 n-íocaíocht, scéim agus teidlíocht ar fiafraíodh fúthu:



COVID-19 agus freagairt an SFS in 2021

Lean na SFSanna le faisnéis agus comhairle a sholáthar don phobal i rith na paindéime. Soláthraíodh an tseirbhís go príomha tríd an nguthán agus trí ríomhphost agus cuireadh coinní ar fáil nuair a cheadaigh na bearta sláinte agus sábháilteachta cruinnithe a thionól ina raibh an lucht freastail scartha óna chéile go sóisialta.

Lean den tSeirbhís 'Iarr ar Athghlao', a bunaíodh in 2020, mar fhreagairt don phaindéim, a sholáthar i rith 2021. Bhí an pobal in ann foirm ghréasáin a líonadh lena iarraidh go gcuirfeadh Oifigeach Faisnéise glaoch leantach orthu. Fógraíodh an tseirbhís go fairsing agus d'éirigh go maith leis le rogha eile ar sheirbhísí buail isteach a sholáthar do shaoránaigh. Chabhraigh an tseirbhís le 36,844 glaoiteoir a raibh 66,000 ceist acu, arbh ionann sin agus 9% de na ceisteanna foriomlána a cuireadh ar an SFS. Cuireadh deireadh leis an tseirbhís an 19 Samhain 2021 lena cheadú don fhoireann díriú ar an bhfilleadh ar sheirbhísí i bpearsan.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Soláthair Seirbhíse an SFS le cur chuige comhsheasmhach i leith oifigí an SFS a athoscailt don phobal a chinntiú. Cuireadh an tseirbhís seo ar fáil i dtosach ar bhonn coinne amháin. Cuireadh leis an tseirbhís ina dhiaidh sin agus sholáthair sé seirbhísí buail isteach nuair a cheadaigh laghdú na mbeart Sláinte agus Sábháilteachta idirchaidreamh sábháilte a dhéanamh leis an bpobal.

Aguisíní

Aguisín 1: Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí	81
Aguisín 2: Comhaltaí boird	83
Aguisín 3: Úsáid fuinnimh	84
Aguisín 4: An tAcht um Nochtadh Cosanta	85
Aguisín 5: Cistiú a soláthraíodh do chuideachtaí soláthair seirbhíse	86
Aguisín 6: Príomhoifigí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh	88

Aguisín 1: Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí

Cuireann an BFS faisnéis, comhairle agus abhcóideacht neamhspleácha ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (0818 074 000) agus an líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Táimid freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus cuirimid an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta ar fáil do Dhaoine atá faoi Mhíchumas.

Tugaimid tús áite don saoránach agus gach rud ar bun againn agus leagtar amach sa Chairt seo na prionsabail atá mar bhonn agus taca lenár seirbhísí. Is féidir leat teacht ar ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí ar ár láithreán gréasáin, citizensinformationboard.ie.

Táimid tiomanta don mhéid seo a leanas:

- Faisnéis shoiléir, chuimsitheach agus chruinn**
Cuirfimid faisnéis shoiléir agus mhionsonraithe ar fáil faoi sheirbhísí poiblí agus sóisialta chun cabhrú leat do riachtanais a shainaithint agus teacht ar do theidlíochtaí
- Freagraí sciobtha, cúirtéiseacha agus éifeachtúla**
Beimid freagrúil do do chuid riachtanas agus soláthróimid ár seirbhísí ar bhonn íogair agus éifeachtúil.
- Comhionannas agus éagsúlacht**
Beidh meas againn ar éagsúlacht agus cinnteoidimid an ceart atá agat go gcaitear go cothrom leat
- Rogha**
Déanfaimid ár seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar chun go bhféadfaidh tú teacht orthu ar an mbealach is fearr a oireann duit

5. Rochtain

Cinnteoimid go bhfuil ár seirbhísí agus ár n-oifigí go léir go hiomlán inrochtana. Is féidir teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Rochtana ag accessofficer@ciboard.ie

6. Teangacha Oifigiúla

Cuirfimid ár seirbhísí ar fáil trí Bhéarla, trí Ghaeilge agus go dátheangach nuair a éilítear é sin

7. Comhairliúchán agus meastóireacht

Rachaimid i gcomhairle leat chun do riachtanais a dheimhniú nuair a dhéantar ár seirbhísí a fhorbairt agus a mheasúnú

8. Custaiméirí inmheánacha

Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann chun a chinntiú go gcuirfidh siad seirbhís den scoth ar fáil dá chéile agus duitse

9. Comhordú

Oibreoidimid go dlúth le heagraíochtaí eile chun seirbhísí poiblí atá dírithe ar an saoránach a sholáthar

10. Achomhairc

Coimeádfaimid córas inrochtana agus trédhearcach achomhairc agus athbhreithnithe, sa chás gur cuí

11. Tráchtanna agus gearáin

Is mian linn an tseirbhís is fearr a sholáthar duit agus cuirimid fáilte roimh thuairimí faoinár seirbhísí. Déan teagmháil, le do thoil, lenár Riarthóir Gearán ag annemarie.owens@ciboard.ie

Aguisín 2: Comhaltaí boird

Ba iad comhaltaí Boird an BFS in 2021:

- An tUasal Teresa Blake
- An tUasal James Clarke
(tháinig deireadh lena bhallraíocht den Bhord an 25 Meán Fómhair 2021)
- An tUasal Mary Doyle
- An tUasal Tim Duggan
- An tUasal Catherine Heaney (Cathaoirleach)
- An tUasal Mary Higgins
- An tUasal Tina Leonard
- An Dr Joanne McCarthy
(tháinig deireadh lena ballraíocht den Bhord an 31 Deireadh Fómhair 2021)
- An tUasal Niall Mulligan
(tháinig deireadh lena bhallraíocht den Bhord an 14 Meitheamh 2021)
- An tUasal Joan O'Connor
- An tUasal Cearbhall Ó Meadhra
- An tUasal Ian Power
- An tUasal John Saunders
- An tUasal Seán Sheridan
- An tUasal Nicola Walshe

Is féidir teacht ar liosta de chomhaltaí Boird reatha ar láithreán gréasáin an BFS, citizensinformationboard.ie

Aguisín 3: Úsáid fuinnimh

De réir an dlí, faoi I.R. 542 de 2009, ceanglaítear ar eagraíochtaí eanála poiblí tuairisciú a dhéanamh go bliantúil ar a n-úsáid fuinnimh agus na gníomhartha a bheartaíonn siad a dhéanamh chun ídiú a laghdú.

Is iad na rudaí is mó a úsáideann fuinneamh sa BFS ná téamh, soilsiú agus TFC. Staitisticí ó thuarascálacha Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) ar ídiú an BFS mar seo a leanas:

- Bhí an t-ídiú fuinnimh 40% níos fearr ná an bhonnlíne, a sháraigh an spriocriachtanas 33%
- Bhí an CO₂ 48% níos lú ná an bhonnlíne
- Gníomhachtaíodh ár gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach

Beartaíonn an BFS a chlár laghdaithe fuinnimh a neartú in 2022 trí:

- Tuairisciú feabhsaithe monatóireachta agus tuairiscithe, an méid seo a leanas san áireamh:
 - Staitisticí taistil
 - Clár foirgneamh
- Iniúchtaí fuinnimh an SEAI agus pleanáil tionscadal laghdaithe fuinnimh
- Bearna sa spriocphlean
- Oiliúint agus gníomhachtú an Foirne Glaise

Aguisín 4: An tAcht um Nochtadh Cosanta

Tá an BFS tiomanta do thimpeallacht chuí a chothú chun dul i ngleic le buarthaí a bhaineann le neamhrialtachtaí agus/nó éagóir fhéideartha maidir le tuairisciú airgeadais agus ceisteanna eile san ionad oibre. Tá an BFS tiomanta don tacaíocht agus na dearbhuithe riachtanacha a sholáthar don fhoireann is cúis le fíorbhuarthaí.

Ceanglaítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 ar chomhlachtaí poiblí chun nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun déileáil le nochtadh cosanta. Tá nósanna imeachta daingne i bhfeidhm ag an BFS ar aon dul le forálacha an Achta.

Ní bhfuair an BFS aon aighneachtaí faoin Acht um Nochtadh Cosanta in 2021.

Aguisín 5: Cistiú a soláthraíodh do chuideachtaí soláthair seirbhíse

Seirbhísí	lomlán €	lomlán €
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	2021	2020
Baile Átha Cliath Theas	€1,789,312	€2,073,868
Baile Átha Cliath Thuaidh	€1,991,458	€2,343,264
Laighin Theas	€1,895,327	€1,917,986
Laighin Thuaidh	€2,281,491	€2,419,694
Connachta Thuaidh agus Ulaidh	€1,691,547	€2,037,563
Connachta Theas	€1,372,442	€1,389,260
Mumha Thuaidh	€1,778,463	€1,861,122
Mumha Theas	€1,777,316	€2,051,335
lomlán	€14,577,355	€16,094,092

Seirbhísí	lomlán €	lomlán €
An SBCA	2021	2020
FN an SBCA	€0	€266,582
Tacaíocht an SBCA CRT	€962,886	€1,209,076
SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta	€268,182	€316,359
Baile Átha Cliath Thuaidh	€2,178,834	€2,974,509
Baile Átha Cliath Theas	€2,388,569	€2,900,951
Laighin Theas	€1,867,250	€2,189,274
Laighin Thuaidh	€1,654,517	€2,150,677
Connachta Thuaidh agus Ulaidh	€1,813,623	€1,951,071
Connachta Theas	€1,577,492	€1,819,385
Mumha Thuaidh	€1,969,496	€2,449,287
Mumha Theas	€1,804,549	€2,046,728
lomlán	€16,485,398	€20,273,899

Feachtas Náisiúnta	2021	2020
An SGFS	€1,201,552	€1,251,419
SATC	€748,155	€583,424
An SAN	€2,184,928	€3,216,279

Tacaíochtaí	2021	2020
Threshold	€47,000	€47,000
Comhairle Dlí Saor in Aisce (ICDS)	€140,000	€132,031
Treoir	€34,400	€34,400
An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn	€68,000	€68,000
lomlán	€289,400	€281,431

Aguisín 6: Príomhoifigí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Teach Ché Sheoirse 43 Sráid Chnoc na Lobhar Baile Átha Cliath 2 D02 VK65	An 1ú hUrlár Teach Riverstone 23-27 Sráid Anraí Luimneach V94 3T28
101 An Phríomhshráid Thuaidh Corcaigh T12 AKA6	An 4ú hUrlár Geata an Duga Bóthar na gCeannaithe Gaillimh H91 EY10
Aonad 2, An Tríú hUrlár Teach Loinín An tSráid Nua Cill Chainnigh R95 WF96	

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta neamhspleácha ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sé freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas.

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Teach Ché Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2. D02 VK65
guthán 01 605 9000

r-phost info@ciboard.ie
gréasán citizensinformation.ie

Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy

